# MySelfie

## agus an domhan mór

Lámhleabhar Webwise in aghaidh
na Cibearbhulaíochta do Mhúinteoirí Bunscoile

webwise.ie

# An Clár Ábhar


| | |
|---|---|
| RÉAMHRÁ | 5 |
| MAIDIR LEIS AN ACMHAINN SEO | 6 |
| CIBEARBHULAÍOCHT AGUS LEANAÍ A BHFUIL RIACHTANAIS SPEISIALTA OIDEACHAIS ACU | 7 |
| EOLAS FÚINN | 11 |
| **CEACHT 1:** MO SHAOL AR LÍNE | 12 |
| **CEACHT 2:** CAD IS CIBEARBHULAÍOCHT ANN? | 22 |
| **CEACHT 3:** CÉN CHAOI A MOTHAÍONN SÉ A BHEITH I NGÉIBHEANN NA BULAÍOCHTA AGUS AN CHAOI IS FEARR CHUN FREAGAIRT DI | 32 |
| **CEACHT 4:** GABHADH THÚ: GRIANGHRAIF DHIGITEACHA A ROINNT GO FREAGRACH | 44 |
| **CEACHT 5:** #UP2US: CÓD AR LÍNE A CHOMHAONTÚ | 50 |
| LÁ NA SÁBHÁILTEACHTA IDIRLÍN | 56 |
| ÁR NACMHAINNÍ EILE | 57 |
| GLUAIS | 60 |




## Réamhrá

Dlúthchuid de shaol daoine óga sa lá atá inniu ann is ea teicneolaíochtaí nua. Dá bharr sin, tá sé ríthábhachtach go bhfuil cur amach iomlán againn mar mhúinteoirí ar na tairbhí agus ar na contúirtí a ghabhann leis na teicneolaíochtaí sin. Tá gá le cultúr comhroinnte freagrachta i measc teaghlach, scoileanna, an tionscail, an rialtais agus an phobail mhóir i leith an dochar a d'fhéadfadh a bheith ann a íoslaghdú. Tugtar le fios san fhianaise go mbíonn leanaí ag glacadh páirt níos minice i gcónaí i ngníomhaíocht ar líne agus go mbíonn an chuid is mó den ghníomhaíocht sin gan mhaoirseacht. De bharr treochtaí den sórt sin, is gá cur chuige nua a ghlacadh i leith na saincheiste sin.

Chuathas i ngleic, go traidisiúnta, le gnéithe diúltacha na meán trí fhorbairt a dhéanamh ar thionscnaimh a d'fhéach le leanaí a chosaint ar an tionchar éilitheach a bhí ag an meán lena mbaineann trí shrian a chur leis an rochtain a bhí acu ar an meán sin. Mar sin féin, ní leor cineálacha cuir chuige den sórt sin mar gheall ar an rochtain fhorleathan atá ann ar an Idirlíon faoi láthair – trí fhóin phóca, trí chonsóil chluichí agus trí ghléasanna eile láimhe.

Glacaimid leis go bhfuil ról le himirt ag bearta sriantacha go fóill. Mar shampla, bainimid leas as scagadh ábhair ar líonra leathanbhanda na scoileanna chun rochtain a chosc ar shuíomhanna Idirlín míchuí. Mar sin féin, níor cheart dúinn talamh slán a dhéanamh de go mbainfidh leanaí úsáid as an Idirlíon i dtimpeallacht shábháilte i gcónaí. Dá bhrí sin, ní mór straitéisí oideachais a chur i bhfeidhm ina gcuirtear cumasú, smaointeoireacht chriticiúil agus rannpháirtíocht chun cinn, seachas straitéisí ina nglactar cur chuige cosantach.

Mar a luaitear go soiléir sa Churaclam Oideachais Shóisialta, Phearsanta agus Sláinte (OSPS), is é an bealach is éifeachtaí inar féidir le scoileanna iompar bulaíochta a chosc ná cultúr agus timpeallacht scoile atá dearfach a chothú, ina gcuirtear fáilte roimh dhifríocht agus roimh éagsúlacht agus ina gceiliúrtar iad. Tugann timpeallacht chuimsitheach scoile spreagadh do dhaltaí teagmhais iompar bulaíochta a nochtadh agus a phlé i suíomh neamhbhagrach agus cuireann sí caidrimh mheasúla chun cinn ar fud phobal na scoile ar fad.

Ina theannta sin, is gá dúinn gníomh a ghlacadh laistigh den seomra ranga ar mhaithe le feasacht a ardú ar an mbulaíocht agus ar mhaithe leis an mbulaíocht a chosc. Ós rud é go dtéann sé i gcion go mór ar dhearcthaí, ar luachanna agus ar iompar daltaí a mhúnlú, léirítear go seasta i dtaighde náisiúnta agus idirnáisiúnta go bhfuil an múinteoir cáilithe ranga ar an duine is fearr chun obair a dhéanamh go híogair agus go comhsheasmhach leis na daltaí.

Cé go dtugtar deis i ngach ábhar meas ar chách a chothú, meas ar ilchineálacht a chur chun cinn, dul i ngleic le claontacht agus le steiréitíopáil agus a léiriú go soiléir nach nglacfar ar chor ar bith le hiompar bulaíochta, is é an Curaclam OSPS an comhthéacs follasach teagaisc agus foghlama chun frithbhulaíocht a iniúchadh. Is ionann OSPS agus gné de Churaclam na Bunscoile trínar féidir dearcthaí agus luachanna dearfacha a chothú.

Táthar ag súil go gcabhróidh an acmhainn seo le daltaí caidrimh níos dearfaí a bhunú agus a choinneáil le chéile agus go gcuirfidh sí ar a gcumas déileáil ar bhealach níos éifeachtaí le coimhlint idirphearsanta. Cuimsítear inti moltaí don seomra ranga a chabhróidh le daltaí ionbhá, teacht aniar agus treallús a fhorbairt. Ar deireadh, tá sé i gceist go dtabharfar cúnamh don mhúinteoir ranga cuspóirí an Churaclaim OSPS a chomhlíonadh, cuspóirí a thacaíonn le bunphrionsabail na hacmhainne seo.

*Ciara O'Donnell,*
*An Stiúrthóir Náisiúnta,*
*An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí*



## Maidir leis an acmhainn seo

D'fhonn cabhrú le bunscoileanna ceanglais na nGnásanna Frithbhulaíochta nua a chomhlíonadh, d'fhorbair Webwise, tionscnamh sábháilteacht Idirlín na Seirbhíse um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM), an acmhainn seo ar mhaithe le daltaí bunscoile uachtaraí a chur ag plé na topaice ábhartha a bhaineann le cibearbhulaíocht. Cabhróidh an acmhainn le daltaí forbairt a dhéanamh ar na scileanna agus ar an tuiscint a theastaíonn chun an tIdirlíon a úsáid go freagrach, go héifeachtach agus go hairdeallach ar chúrsaí sóisialta, agus iad ag baint triail as líonraí sóisialta den chéad uair.

Gné lárnach den acmhainn seo is ea sraith beochaintí gearra. Pointe tosaigh iad na cás-sceitsí gearra sin do dhíospóireacht ranga ar na mothúcháin atá taobh thiar de bhulaíocht, ar an tionchar mothúchánach a imríonn bulaíocht ar íospartaigh, agus ar an dóigh ar féidir le leanaí athrú dearfach a bhaint amach i ndáil le bulaíocht, cibearbhulaíocht go háirithe.

Faigheann na beochaintí sin tacaíocht ón acmhainn teagaisc cúig cheacht seo ar chibearbhulaíocht, atá dírithe ar dhaltaí OSPS i rang 5 agus i rang 6. Dírítear sna ceachtanna sin ar dheiseanna a thabhairt dóibh tuiscint a ghnóthú ar an bhfáth a ndéanann an bulaí bulaíocht, ar an tionchar mothúchánach a imrítear ar an íospartach, agus ar an dóigh ar féidir le féachadóirí cabhair a thabhairt ar bhealach éifeachtach sábháilte.

Cuid dhílis de bheartas scríofa frithbhulaíochta gach scoile is ea bulaíocht a chosc anois. Ceanglaítear ar scoileanna anois na straitéisí oideachais agus coisc ar leith a chuirfidh siad chun feidhme a thuairisciú ina mbeartais frithbhulaíochta. Is gá do na bearta coisc agus feasachta déileáil go soiléir le cibearbhulaíocht. Cabhróidh an acmhainn seo le scoileanna in Éirinn na ceanglais sin sna Gnásanna Frithbhulaíochta (Meán Fómhair 2013) a chomhlíonadh i dtaca le cibearbhulaíocht.

Is é an bealach is fearr chun dul i ngleic le cibearbhulaíocht ná í a chosc sa chéad áit. Is é is aidhm don acmhainn seo bulaíocht a chosc agus feasacht a ardú. Dírítear inti ar iompar cuí ar líne a chur chun cinn, ar bhealaí le bheith sábháilte ar líne a leagan amach agus ar fhorbairt a dhéanamh ar chultúr ina dtuairiscítear aon ábhair imní faoi chibearbhulaíocht.

Tá an t-oideachas faoi shábháilteacht Idirlín cuimsithe go maith sa churaclam in Éirinn. Déileálann an curaclam Oideachais Shóisialta, Phearsanta agus Sláinte (OSPS) ag an leibhéal bunscoile agus iar-bhunscoile le saincheisteanna sábháilteachta pearsanta, bulaíocht san áireamh, a théann i bhfeidhm ar dhaoine óga de réir mar a bhíonn siad ag gníomhú sa domhan mór. Déileáiltear leis na saincheisteanna sin faoi na snáithaonaid seo a leanas: Mise, Mise agus daoine eile agus Mise agus an domhan mór. Déantar soláthar sonrach sa churaclam OSPS d'iniúchadh a dhéanamh ar bhulaíocht, cibearbhulaíocht san áireamh, agus ar na réimsí idirghaolmhara a bhaineann leo seo a leanas: muintearas agus imeascadh, cumarsáid, coimhlint, cairdeas, sábháilteacht phearsanta agus caidrimh.

Seachas bheith ag déileáil le cibearbhulaíocht ina haonar, tacaíocht SFGM le scoileanna OSPS a sholáthar tríd an bhfoireann comhairleoirí Sláinte agus Folláine atá aici. Cuireann an fhoireann Sláinte agus Folláine seimineáir i mbulaíocht a chosc agus in idirghabháil a dhéanamh i gcás bulaíochta ar fáil do cheannairí scoile. Tugann sí tacaíocht freisin maidir le OSPS, le Cosaint Leanaí, le OSG, le corpoideachas agus le Folláine Múinteoirí.

I dteannta na dtacaí a chuireann foireann Sláinte agus Folláine SFGM ar fáil, is é aidhm na hacmhainne seo tacú le scoileanna forfheidhmiú an churaclaim OSPS a nuashonrú ionas go gcuimseofar feasacht ar bhulaíocht agus bulaíocht a chosc.

## Cibearbhulaíocht agus leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu

Cé gur féidir cibearbhulaíocht a dhéanamh ar dhalta ar bith, is eol go mbíonn daoine áirithe níos leochailí i leith bulaíochta nó i mbaol níos mó bulaíocht a fhulaingt. Ar ghrúpaí leochaileacha den sórt sin, tá daltaí faoi mhíchumas nó daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

Leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht 2013 (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2013; 4.3.2) roinnt den taighde a rinneadh le déanaí ar na hardleibhéil bhulaíochta i measc daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Tarraingítear aird ar leith sa Phlean ar leitheadúlacht na bulaíochta ar dhaltaí a bhfuil Uathachas orthu. I staidéar a rinneadh le déanaí (Tippett et al, 2010) ar thuismitheoirí de chuid daltaí a bhfuil uathachas orthu, fuarthas amach go bhfulaingíonn beirt daltaí as gach cúigear a bhfuil uathachas orthu bulaíocht uair éigin agus gur mhéadaigh an líon sin go beagnach triúr as gach cúigear i gcás daltaí ardfheidhmithe a bhfuil uathachas orthu. Fuarthas amach sa staidéar freisin go mbíonn buachaillí níos leochailí ná cailíní agus gur mó an seans go ndéanfar bulaíocht ar dhaltaí i suíomhanna príomhshrutha ná ar dhaltaí i suíomhanna eile.

D'fhéadfadh go mbeadh cineálacha iompair nó saintréithe ag daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus/nó ag daltaí faoi mhíchumas, a fhágann go bhféadfadh go mbeidís níos leochailí i leith bulaíocht ar líne e.g.:

- uaireanta, bíonn easnaimh próiseála teanga ar dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu 10 n-uaire níos coitianta ná mar a bhíonn siad i measc an phobail i gcoitinne, rud a chruthaíonn deacrachtaí nuair a bhítear ag déanamh cumarsáid ar líne
- is féidir le hiompar míchuí teacht as an easpa tuisceana ar leideanna sóisialta agus ar ghnáthbhéascna shóisialta
- meastar go forleathan gur saincheisteanna tábhachtacha iad scileanna sóisialta, teanga agus cumarsáide i bhformhór na gcásanna bulaíochta a théann i bhfeidhm ar dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus/nó ar dhaltaí faoi mhíchumas; uaireanta, bíonn na scileanna sin níos tábhachtaí ar líne, áit a mbíonn leideanna eile amhairc in easnamh.
- uaireanta, bíonn daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu níos iontaobhaí agus níos saonta
- uaireanta, bíonn easpa tuisceana ann ar a bheith faoi réir bulaíochta agus ar bhulaíocht a dhéanamh freisin
- d'fhéadfadh gur mhó seans go ndéanfadh daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu faisnéis phríobháideach a nochtadh ná daltaí eile.

Is gá breithniú go sonrach ar leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu mar chuid de chur chuige na scoile uile i leith déileáil le cibearbhulaíocht. Mar shampla, d'fhéadfadh gur chuí beartas scoile uile a ghlacadh ar an dóigh a dteagasctar scileanna spriocdhírithe i dtaca le faisnéis phearsanta a roinnt agus le cumarsáid a dhéanamh le strainséirí ar líne.

## An acmhainn seo a fhorbairt le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu

Toisc gur leochailí daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu ná daltaí eile, is gá breithniú speisialta a dhéanamh ar an dóigh ar féidir na daltaí sin a chumasú níos fearr chun torthaí foghlama na hacmhainne foghlama seo a bhaint amach.

D'fhéadfadh go mbeadh tuilleadh ama ag teastáil ó dhaltaí áirithe a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu chun iniúchadh a dhéanamh ar na coincheapa sna ceachtanna agus/nó d'fhéadfadh go mbeadh tuilleadh deiseanna ag teastáil uathu chun forbairt a dhéanamh ar na straitéisí agus ar na scileanna a theastaíonn ar mhaithe lena gcosaint féin. Chun na críche sin, ba cheart do mhúinteoirí acmhainne/tacaíochta foghlama athspléachadh a thabhairt ar bhonn duine le duine nó i ngrúpaí beaga, de réir mar is cuí, ar cheachtanna sábháilteachta pearsanta agus ar cheachtanna frithbhulaíochta. D'fhéadfadh go mbeadh tuilleadh ama agus am tiomnaithe ag teastáil ó dhaltaí áirithe ar mhaithe leis an méid seo a leanas a dhéanamh:

- coincheapa an phríobháideachais a iniúchadh
- forbairt a dhéanamh ar na straitéisí agus ar na scileanna a theastaíonn chun grianghraif a roinnt agus chun cumarsáid a dhéanamh ar líne
- comhthuiscint agus ionbhá le daoine eile a fhorbairt
- teacht aniar a fhorbairt agus iad féin a neartú
- caidrimh dhearfacha mheasúla a thógáil le piaraí
- iniúchadh a dhéanamh ar an dóigh ar féidir leo cairde a dhéanamh agus a choinneáil
- cineálacha iompair nach bhfuil inghlactha sa seomra ranga ná ar líne a phlé agus a chomhaontú
- dul siar ar fhoghlaim roimhe seo agus í a sheiceáil
- obair a dhéanamh ar thascanna atá briste síos ina bhfo-thascanna indéanta agus a thugann deis chun príomhchuspóirí foghlama/eochairfhocail a theagasc roimh ré
- téarmaí, scripteanna nua, etc., a chleachtadh agus a úsáid
- teacht ar chomhaontú ar an dóigh a n-iompróidh siad iad féin ar líonraí sóisialta.

D'fhéadfadh gur ghá breithniú a dhéanamh ar na deiseanna atá ann don teagasc díreach, don fhoghlaim, do rólimirt, do shampla-aithris, d'athrá agus do scéalta sóisialta a úsáid, mar chuid den phleanáil fhoriomlán sa scoil.

## An acmhainn seo a oiriúnú sa seomra ranga

Is é an chuid lárnach den acmhainn MySelfie ná rogha de scéalta beoite ina gcuirtear cás-staidéir chibearbhulaíochta i láthair i bhformáid ar cheart go mbeadh sí réasúnta inrochtana do leanaí a bhfuil scileanna teoranta teanga acu. Is féidir na ceachtanna #MySelfie a oiriúnú ar roinnt bealaí éagsúla ar mhaithe leis an ábhar a dhéanamh níos inrochtana do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Is léir gurb ann do speictream an-leathan riachtanas. Mar sin, beidh ar mhúinteoirí breithniú a dhéanamh ar riachtanais shonracha a gcuid daltaí. Tá tuilleadh sonraí, teimpléad pleanála san áireamh, ar ábhar agus ar acmhainní curaclaim a oiriúnú de réir ábhair, próisis agus táirge, ar fáil ar www.sess.ie/resources/teaching-methods-and-organisation.

Seo a leanas roinnt sonraí maidir leis na ceachtanna a oiriúnú:





### Ceacht 1:

Seachas bheith ag iarraidh ar na daltaí a líníochtaí de '**Mo Ghníomhaíochtaí ar an Idirlíon**' a chur i láthair ó bhéal, d'fhéadfaí na bileoga oibre sin a chur ar taispeáint ar fud an tseomra. D'fhéadfaí deis a thabhairt do na daltaí ansin líníocht ar spéis leo í a roghnú. Is féidir le daltaí ceann a roghnú ó rogha pictiúr de ghníomhaíochtaí Idirlín agus é sin a ghreamú de bhileog oibre 1.1.

D'fhéadfaí an quiz a dhéanamh níos inrochtana tríd an trácht réamhráiteach roimh gach ceist a shimpliú/a fhágáil ar lár agus gan ach dhá fhreagra fhéideartha a thabhairt ar na ceisteanna ilroghnacha. D'fhéadfaí leas a bhaint as amharcíomhánna freisin chun an ghníomhaíocht a dhéanamh níos inrochtana do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

Ar deireadh, b'fhiú daltaí a spreagadh chun iniúchadh a dhéanamh ar dhóigheanna eile lena n-agallaimh a thaifeadadh do **Bhileog Oibre 1.2** in ionad na freagraí a scríobh. B'fhéidir go bhféadfadh daltaí gearrthóga fuaime a thaifeadadh le táibléid, le fóin nó le ceamaraí. Mar mhalairt air sin, d'fhéadfadh an t-agallaí féin na freagraí a thaifeadadh nó d'fhéadfadh gurbh fhearr le daltaí áirithe freagraí a chlóscríobh ar na ceisteanna sin. Chabhródh sé sin leis na daltaí a spreagadh le húsáid dhearfach a bhaint as an teicneolaíocht.

### Ceacht 2:

D'fhéadfadh go mbeadh sé doiligh ag daltaí áirithe ionbhá a bheith acu le Vicky. Sula dtosófar an ghníomhaíocht drámaíochta, d'fhéadfadh gurbh fhiú roinnt de na cineálacha iompair san fhíseán a ainmniú/a phlé agus iad a roinnt idir cineálacha iompair ar bulaíocht iad agus cineálacha iompair nach bulaíochta iad. D'fhéadfadh go mbainfí tairbhe as plé a dhéanamh freisin ar cé acu a ghoillfeadh nó nach ngoillfeadh na cineálacha iompair sin ar Vicky nó an gcuirfidís brón uirthi. D'fhéadfadh go mbainfí tairbhe freisin as na cineálacha iompair a mheaitseáil le haghaidh shásta nó le haghaidh ghruama. Nuair a bheifear ag críochnú na gníomhaíochta drámaíochta i n**Gníomhaíocht 2.1**, d'fhéadfadh gurbh fhiú iarraidh ar na daltaí aithris a dhéanamh ar dhreacha Vicky, seachas a bheith ag súil leis go ndéanfaidh na daltaí an dóigh a mothaíonn Vicky a shamhlú agus a chur in iúl ansin.

I n**Gníomhaíocht 2.2**, d'fhéadfadh na daltaí rogha mhalartach de nithe eile a d'fhéadfadh Siobhán a dhéanamh a roghnú agus cinneadh a dhéanamh ansin an mbeadh sé sin níos fearr. An gcuirfeadh sé áthas ar Vicky nó an ngoillfeadh sé uirthi?

I gcás **Ghníomhaíocht 2.4**, d'fhéadfaí roinnt samplaí de na tuairimí dearfacha a chleachtadh nó a scríobh síos roimh ré. Bain leas as amharcíomhá nuair is féidir. Is féidir le daltaí na cinn is cuí a roghnú agus iad a ghreamú den bhileog.

Ionas nach gcuirfear isteach ar dhaltaí leochaileacha, ba cheart duit an ról mar Shiobhán a ghlacadh i ngníomhaíocht na Caolsráide Coinsiasa. Mar an gcéanna i gcás na gníomhaíochta d'obair baile do **Bhileog Oibre 2.1**, d'fhéadfadh gurbh fhiú iarraidh ar na daltaí an cheist a fhreagairt ó bhéal nó le fón póca nó le táibléad, seachas i scríbhinn, nó d'fhéadfadh gurbh fhiú rogha teachtaireachtaí a thabhairt do na daltaí agus iarraidh orthu ceann amháin a roghnú agus a ghreamú den bhileog oibre.

### Ceacht 3:

I n**Gníomhaíocht 3.1**, bain úsáid as na haghaidheanna chun naisc chinnte a dhéanamh idir an eachtra nó an cineál iompair lena mbaineann agus an mothúchán a bheidh mar thoradh orthu. Is féidir fonsaí a úsáid anseo agus mothúchán ar leith a chur in iúl le gach fonsa. Nuair a chuirtear síos ar an eachtra nó ar an gcineál iompair lena mbaineann, rachaidh daltaí isteach san fhonsa, agus iad ag glacadh an róil mar dhuine atá trí chéile, gonta nó sásta mar thoradh ar an eachtra/ar an gcineál iompair sin.

Mar chuid de **Ghníomhaíocht 3.2**, d'fhéadfaí iarraidh ar na daltaí an scéal a athinsint ó thaobh Ryan nó Conor de. Thabharfadh sé sin spreagadh do dhaltaí atá páirteach i gcásanna bulaíochta cabhair a lorg. In ionad iarraidh ar na daltaí comhairle a thabhairt, d'fhéadfá freagairt mar

chomhairleoir croí chráite agus moltaí á dtabhairt agat; d'fhéadfadh daltaí freagairtí cuí a roghnú agus príomhfhreagairtí a chleachtadh (Ná freagair, Coimeád na teachtaireachtaí, Cuir bac ar an seoltóir, Abair é le duine éigin). D'fhéadfaí an teachtaireacht a athneartú tuilleadh anseo trí script a theagasc nó trí chomhrá stiallghreannáin a úsáid.

D'fhéadfadh go mbeadh sé doiligh ag daltaí an cód a bhriseadh i n**Gníomhaíocht 3.3**. Má tharlaíonn sé sin, ba cheart duit a léiriú conas is féidir an cód a bhriseadh agus/nó an dalta a chur ag obair le cara agus ansin tabhairt faoin teachtaireacht a bhriseadh mar ghníomhaíocht ranga nó grúpa.

## Ceacht 4:

I n**Gníomhaíocht 4.1**, d'fhéadfadh go rachadh na ceisteanna díospóireachta tosaigh dian ar na daltaí, go háirithe maidir lena thuiscint cén fáth a bhfuil éad ar Jack le Cathal. Ba cheart duit an ceacht seo a úsáid chun tuiscint a thabhairt do na daltaí ar an dóigh ar féidir le roinnt grianghraf ar líne dul ó smacht go tapa agus ar an dóigh ar féidir leis na daltaí iad féin a chosaint ar an gcineál bulaíochta sin. Nuair is féidir, déan plé ar fhreagairtí a thagann chun cinn le linn na rólimeartha sula gcríochnófar an ghníomhaíocht. D'fhéadfaí sreabhchairt nó bosca seichimh a úsáid freisin chun na hiarmhairtí a bhaineann leis na roghanna malartacha a d'fhéadfadh Cathal a dhéanamh a thaispeáint.

I gcás **Ghníomhaíocht 4.2**, a bhaineann leis an matamaitic, ba cheart duit an bhileog oibre a úsáid le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus iarraidh orthu uimhir idir 2 agus 5 a chur sna boscaí scáthaithe. Más rud é go bhfuil na suimeanna ródheacair, d'fhéadfá smaoineamh faoi áireamháin a úsáid nó faoin ngníomhaíocht a dhéanamh mar ghníomhaíocht don rang ar fad. Mar an gcéanna, d'fhéadfadh gurbh fhiú an iarmhairt a bhaineann le grianghraif a roinnt a nascadh leis an mothúchán a d'fhéadfadh teacht aisti sin. D'fhéadfá amharcíomhá de na mothúcháin a úsáid chun an méid sin a athneartú tuilleadh.

D'fhéadfadh gur ghá duit cúram an cheamara a ghlacadh ort féin le linn **Ghníomhaíocht 4.3:** Am Grianghrafadóireachta. Mar mhalairt air sin, is féidir an dalta/na daltaí a chur ag obair le heiseamláir.

## Ceacht 5:

D'fhéadfadh gur ghá don mhúinteoir tuilleadh treorach a thabhairt le linn na gníomhaíocht **Ár gcód ar líne** agus d'fhéadfadh gur ghá í a scríobh síos ar an gclár chun comhar a chumasú. Mar an gcéanna, is féidir leat amharcíomhánna a úsáid chun tuilleadh béime a chur ar na príomhtheachtaireachtaí anseo. Bí cinnte go bhfuil teanga neamh-dhébhríoch shoiléir in úsáid agus seiceáil go dtuigeann an leanbh na coincheapa agus an t-ionchas atá i gceist.

I gcás **Ghníomhaíocht 5.2**, ba cheart duit daltaí leochaileacha a chosaint ar náire trí shúil a chaitheamh ar na grianghraif ar bhonn aonair. Mar an gcéanna, d'fhéadfaí tairbhe a bhaint as cártaí mothúcháin anseo ionas go mbeidh na heachtraí agus na cineálacha iompair lena mbaineann nasctha le mothúcháin agus ionas go leagfar béim ar an bhfíric gurb ann do ghníomhaíochtaí malartacha. D'fhéadfá sreabhchairt a úsáid chun cabhrú leis an méid sin a léiriú.

### NÓTA DON MHÚINTEOIR:

Is féidir le múinteoirí de chuid daltaí a bhfuil míchumas ginearálta foghlama acu tacaíocht bhreise maidir le straitéisí oiriúnaithe do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a fháil ag www.ncca.ie nó www.sess.ie/resources/curricular-material/ nó www.sess.ie/resources/teaching-methods-and-organisation

# Eolas fúinn

Is cuid d'fhoireann SFGM – Teicneolaíocht san Oideachas é an tionscnamh Webwise. Tacaíonn an fhoireann sin le comhtháthú ICT sa teagasc agus san fhoghlaim i mbunscoileanna agus i meánscoileanna in Éirinn agus déanann sé é a chur chun cinn. Is iad na príomhfheidhmeanna atá ag SFGM – Teicneolaíocht san Oideachas raon de thacaí ICT a sholáthar do scoileanna, lena n-áirítear forbairt beartas ICT, comhairle, forbairt ghairmiúil, ábhar agus feidhmeanna eiseamláire.

Is seirbhís tacaíochta trasearnála í SFGM atá faoi bhainistíocht Ionad Oideachais Bhaile Átha Cliath Thiar agus atá faoi shainchúram na Rannóige um Oideachas Múinteoirí agus na Rannóige um Beartas ICT sa Roinn Oideachais agus Scileanna. Tugann sí tacaíocht forbartha gairmiúla do mhúinteoirí agus do phríomhoidí bunscoile agus iar-bhunscoile. Cuireann an obair a dhéanann SFGM le feabhsúchán scoile trí fhorbairt ghairmiúil leanúnach ar ardchaighdeán a chur ar fáil ar shaincheisteanna curaclaim agus oideachais agus trí chleachtas athmhachnamhach agus forbairt leanúnach a chothú i measc múinteoirí.

Ba i mí Mheán Fómhair 2010 a bunaíodh SFGM mar sheirbhís tacaíochta nua, chineálach, chomhtháite agus trasearnála do scoileanna. D'eascair bunú SFGM as roinnt seirbhísí tacaíochta neamhspleácha a chónascadh. Sa lá atá inniu ann, cuimsíonn SFGM na tacaí a chuir seirbhísí tacaíochta agus cláir thacaíochta eile ar fáil roimhe seo, lena n-áirítear an tIonad Náisiúnta don Teicneolaíocht san Oideachas (SFGM – Teicneolaíocht san Oideachas anois).

Oibríonn Webwise go dlúth leis an bhfoireann Sláinte agus Folláine in SFGM. Soláthraíonn an fhoireann sin tacaí do cheannairí scoile agus do mhúinteoirí le bulaíocht a chosc agus le hidirghabháil a dhéanamh i gcás bulaíochta. Tacaíonn sí freisin le forfheidhmiú OSPS i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna.

Tá an tIonad Náisiúnta don Teicneolaíocht san Oideachas (NCTE) ina chomhpháirtí i gClár um Idirlíon níos Sábháilte arna maoiniú ag an AE ón mbliain 2000 i leith. Bhunaigh an NCTE an tionscnamh Webwise sa bhliain 2005 chun go ngníomhódh Webwise mar ionad náisiúnta feasachta ar shábháilteacht Idirlín in Éirinn. Tá an tionscnamh á chómhaoinithe ag Clár an AE um Idirlíon níos Sábháilte agus ag an Roinn Oideachais agus Scileanna. Tá Webwise ina chomhalta Éireannach de ghréasán Insafe ó shin i leith. Tá sé mar ról ag an ionad náisiúnta feasachta leanaí in Éirinn a spreagadh chun úsáid níos sábháilte agus níos éifeachtaí a bhaint as an Idirlíon.

Ag gníomhú dó mar Ionad um Idirlíon níos Sábháilte do Phoblacht na hÉireann, cuireann an tIonad um Idirlíon níos Sábháilte, Éire, feidhmeanna agus gníomhaíochtaí feasachta ar Idirlíon níos Sábháilte, Beolíne agus líne chabhrach ar fáil sa tír seo. Is tríd an tionscnamh Webwise dá cuid a thugann SFGM faoi ardú feasachta.

Cuibhreannas é an tionscadal sin ina bhfuil comhpháirtithe tionscail, oideachais, leas leanaí agus rialtais a sholáthraíonn feidhmeanna agus gníomhaíochtaí feasachta ar Idirlíon níos Sábháilte, beolíne agus líne chabhrach do Phoblacht na hÉireann. Is iad na comhpháirtithe sa chuibhreannas an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM), tríd an tionscnamh Webwise dá cuid, Líne Chabhrach na Leanaí, Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí agus Cumann Soláthróirí Seirbhísí Idirlín na hÉireann. Comhordaíonn an Oifig Sábháilteachta Idirlín é chun tionscnaimh náisiúnta a fhorbairt lena gcuirtear úsáid níos sábháilte na meán leictreonach chun cinn agus chun iad siúd is mó i mbaol, go háirithe leanaí, a chosaint níos mó in aghaidh na ngnéithe diúltacha den Idirlíon. Cuireann an cuibhreannas seo leis an taithí a gnóthaíodh sna tionscadail maidir le hIdirlíon níos Sábháilte a bhí fíor-rathúil ach neamhspleách a reáchtáladh roimhe seo.






# Ceacht 01:

## MO SHAOL AR LÍNE

### Croí-choincheap:

Trí mhachnamh a dhéanamh ar an úsáid a bhaineann siad as an Idirlíon, cabhrófar le daltaí an ról atá aige ina saol a mheas.

### Cuspóir:

Daltaí a spreagadh chun smaoineamh agus labhairt faoi na nithe a dhéanann siad ar líne.

### Naisc churaclaim:

**Snáithe OSPS:** Mise agus an domhan mór

**Snáithaonad:** Oideachas na meán cumarsáide

- Gníomhaíochtaí éagsúla caitheamh aimsire agus scíthe a iniúchadh mar mhalairt ar bhreathnú ar an teilifís.

### Cur chuige traschuraclaim

D'fhéadfaí Gníomhaíocht 1.2 go háirithe a úsáid mar chuid de chur chuige traschuraclaim i leith OSPS agus stair a theagasc. Tá an ghníomhaíocht ag teacht go maith leis na snáitheanna agus leis na hábhair seo a leanas ar churaclam na staire a theagasc:

- Ag obair mar staraí: Sintéisiú agus cur in iúl
- Scéalaíocht: Scéalta as saol daoine a mhair san am atá thart
- Saol, sochaí, obair agus cultúr san am atá thart: An saol in Éirinn ó chaogaidí na fichiú haoise i leith
- Leanúnachas agus athrú le himeacht ama: Cumarsáid

D'fhéadfaí an ghníomhaíocht a úsáid freisin chun ullmhú do Sheachtain/Lá na Seantuismitheoirí.



## NÓTA DON MHÚINTEOIR:

Tá sé tábhachtach gur ar ghníomhaíochtaí ar líne a dhíríonn an díospóireacht sa cheacht seo, agus ní ar sheirbhísí sonracha ar líne. Ba cheart duit iarracht a dhéanamh an díospóireacht a dhíriú ar na riachtanais a spreagann daltaí le húsáid a bhaint as an Idirlíon, seachas na huirlisí a mbaineann siad úsáid astu chun na riachtanais sin a chomhlíonadh. Tríd is tríd, baineann leanaí úsáid as an Idirlíon chun **sóisialú a dhéanamh**, chun **meáin a roinnt**, chun **faisnéis a fháil**, chun **cluichí a imirt**, chun **cumarsáid a dhéanamh**, agus chun **foghlaim**.

Ba cheart duit a bheith ar an eolas go mbeidh roinnt leanaí i do rang ar tí aipeanna agus uirlisí líonraithe shóisialta agus roinnt meán a úsáid den chéad uair. Beidh cuid mhaith acu i mbun idirbheartaíochta lena dtuismitheoirí ar mhaithe le cead a fháil dá leithéid. D'fhéadfadh an leanbh d'fhocail féin a úsáid mar chuid den idirbheartaíocht sin sa bhaile. Sa chomhthéacs sin, is fearr labhairt faoi "grianghraif a roinnt" ná faoi "Instagram a úsáid".

### Mar Eolas: Srianta aoise ar sheirbhísí líonraithe shóisialta

Ní thugann cuid mhór de na seirbhísí líonraithe shóisialta is mó éileamh cead do leanaí faoi bhun 13 bliana d'aois clárú ar an suíomh. Ní hé go bhfuil imní orthu go dtiocfaidh páistí ar ábhar pornagrafach nó go ndéanfar bulaíocht nó mealltóireacht idirlín orthu. Is éard is cúis leis gur pian mhór riaracháin a bheadh ann cloí leis na rialacháin cosanta sonraí uile dá gceadóidís é.

Ní mór do shuíomhanna Idirlín toiliú tuismitheoirí a fháil sula ndéanfaidh siad faisnéis phearsanta de chuid linbh a bhailiú nó a stóráil. Sna Stáit Aontaithe, is é an scoithaois – is é sin, an aois nach gá toiliú tuismitheoirí a fháil a thuilleadh ina diaidh – ná 13 bliana d'aois. Is é an scoithaois sa Spáinn ná 14 bliana d'aois. In Éirinn, áfach, ní shainítear aois faoi leith; braitheann an scoithaois ina ionad sin ar rud a dtugtar 'toiliú feasach' air.

Is éard is brí le toiliú feasach ná más rud é go dtuigeann leanaí cé lena aghaidh a úsáidfear a gcuid faisnéise pearsanta agus cé aige a mbeidh teacht uirthi, féadfaidh siad féin toiliú lena bailiú, beag beann ar aois. Cé go n-éilíonn formhór na seirbhísí líonraithe shóisialta gur gá d'úsáideoirí a bheith 13 bliana d'aois ar a laghad, is ar an gcúis sin gur faoina thuismitheoirí atá sé a chinneadh cén aois ag ar cheart do dhuine óg tosú ag úsáid seirbhís líonraithe shóisialta.

Ag an am céanna, cuireadh in iúl dúinn i dtaighde a d'fhoilsigh Net Kids Go Mobile i mí Feabhra 2014 go bhfuil próifíl líonraithe shóisialta ag beagán faoi bhun 40% de leanaí idir 11 agus 12 bhliain d'aois in Éirinn. Chruthaigh cuid mhór de na leanaí sin a bpróifílí tar éis dóibh toiliú agus tacaíocht a fháil óna dtuismitheoirí.







**ACMHAINNÍ A THEASTAÍONN:**

Bileog Oibre 1.1: Mo ghníomhaíochtaí ar an Idirlíon
Bileog Oibre 1.2: Ábhair imní theicneolaíochta agus shábháilteachta trí na haoiseanna
Uirlisí dathadóireachta

### Obair fairsingithe:

Rochtain ar tháibléid, ar fhóin chliste, ar ríomhairí glúine nó ar ríomhairí pearsanta

**METHODOLOGIES:**

Líniú, cur i láthair, anailísiú, cur faoi agallamh

**DETAILED PROCEDURE:**

## GNÍOMHAÍOCHT 1.1:

### An bhileog oibre 'Mo ghníomhaíochtaí ar an Idirlíon'

- Mínigh do na daltaí go ndíreofar sa rang seo ar an Idirlíon agus ar an úsáid a bhaineann siad as an Idirlíon. Tabharfaidh an ghníomhaíocht seo deis do na daltaí samplaí den dea-chleachtas Idirlín a roinnt le chéile. Ba cheart go gcabhródh sí le heolas a thabhairt duit ar an méid eolais agus taithí atá acu ar uirlisí ar líne. Chomh maith leis sin, tabharfaidh an ghníomhaíocht spreagadh do na daltaí smaoineamh faoin ról a imríonn an tIdirlíon ina saol agus machnamh a dhéanamh ar a n-iompar ar líne.
- Tabhair **Bileog Oibre 1.1: Mo ghníomhaíochtaí ar an Idirlíon** do na daltaí agus iarr orthu líníocht den rud is fearr le déanamh ar an Idirlíon a chur isteach sa scáileán. Ba cheart spreagadh a thabhairt do na daltaí eolas a roinnt le chéile ar shuíomhanna Idirlín a d'fhéadfadh a bheith úsáideach do dhaoine eile.
- Nuair atá na líníochtaí críochnaithe acu, ba cheart do na daltaí na nithe seo a leanas a dhéanamh:
  1. a líníochtaí a chur i láthair os comhair an ranga,
  2. an phríomhchúis a úsáideann siad an tIdirlíon a léiriú (e.g. chun **sóisialú a dhéanamh**, chun **faisnéis a fháil**, chun **cluichí a imirt**, chun **cumarsáid a dhéanamh**, chun **foghlaim**, etc.),
  3. cur síos a dhéanamh ar na gnéithe is suimiúla agus is áisiúla den Idirlíon dar leo.




## GNÍOMHAÍOCHT 1.2:

### Ábhair imní theicneolaíochta agus shábháilteachta trí na haoiseanna

- Mar ullmhúchán d'obair baile na ndaltaí, déan quiz gairid, agus leas á bhaint as na ceisteanna ilroghnacha ar leathanach 13 agus ar leathanach 14. Cabhróidh an quiz le daltaí smaoineamh faoi na hábhair eagla a bhaineann le haireagáin nua teicneolaíochta.

- Nuair a bheidh an quiz thart, tabhair na freagraí do na daltaí agus iarr orthu a scóir a ríomh. Cuir na ceisteanna seo a leanas ar na daltaí ansin:

**Q An raibh iontas oraibh mar gheall ar chuid de na freagraí?**

**Q Cad a léiríonn na samplaí sa quiz dúinn faoina gceapann daoine faoi theicneolaíocht nua?**

**Freagra molta:** *Léiríonn na samplaí sa quiz dúinn go mbíonn imní ar dhaoine go minic faoi athrú agus faoin difear a dhéanann aireagáin nua. Is féidir leis na meáin scéal chailleach an uafáis a chraoladh agus bíonn eagla ar dhaoine roimh aireagáin nua dá bharr sin. Is deacair a chreidiúint go raibh eagla ar dhaoine roimh bholgáin solais agus roimh ghreannáin tráth, ach is minic a bhíonn eagla ar dhaoine roimh rud nach bhfaca siad cheana. Tarlaíonn an rud ceannann céanna sa lá atá inniu ann nuair a fhorbraítear píosaí nua forásacha teicneolaíochta.*

**Q An bhfuil aon ábhair imní agatsa faoi phíosaí nua teicneolaíochta nó faoin Idirlíon?**

**Q Cad is féidir leat a dhéanamh chun a chinntiú nach dtarlóidh siad sin?**

**Freagra molta:** *Tá sé tábhachtach comhairle agus treoracha sábháilteachta a leanúint, go háirithe nuair táirgí nua á n-úsáid. Lean na treoirlínte d'úsáid an Idirlín atá leagtha síos ag do thuismitheoirí agus ag do mhúinteoirí. Stad agus smaoinigh sula bpostálann tú rud ar bith ar líne. A luaithe a bheidh sé ar líne, beidh sé os comhair an phobail, ní bheidh smacht agat air a thuilleadh agus ní bheidh smacht agat ar an dóigh a n-úsáidfear é ach oiread. Faoi mar a bhíonn tú san fhíorshaol, is tábhachtach go mbíonn tú measúil i gcónaí le linn cumarsáid ar líne. Ar deireadh, bain úsáid fhreagrach as uirlisí tuairiscithe má thagann tú ar bhulaíocht nó ar ábhar eile a chuireann as duit ar líne.*

- Scaip **Bileog Oibre 1.2: Ábhair imní theicneolaíochta agus shábháilteachta trí na haoiseanna**.
- Iarr ar na daltaí ansin an duine is sine a bhfuil aithne acu air agus a fheiceann siad go rialta a chur faoi agallamh. Ba cheart do na daltaí a fháil amach cén cineál teicneolaíochta a bhí nua nuair a bhí na daoine scothaosta i rang 5 nó i rang 6. Ba cheart dóibh a fháil amach an raibh creidimh nó ábhair imní aisteacha ag daoine faoin gcineál teicneolaíochta sin nuair a tugadh isteach é den chéad uair, díreach mar a bhí eagla ar Shócraitéas roimh scríbhneoireacht agus mar a cheap an tUachtarán Hayes nach mbainfeadh aon duine úsáid as an teileafón.







## QUIZ AR THEICNEOLAÍOCHT TRÍ NA HAOISEANNA

**01** Ciallaíonn an focal fealsamh "duine mór saíochta". Ní nach ionadh, mar sin, gur measadh gur dhaoine an-chliste iad fealsúna. Bhí Sócraitéas ar dhuine de na chéad fhealsúna, agus chónaigh sé sa Ghréig níos mó ná 2000 bliain ó shin.

Cén rud ar shíl Sócraitéas go ndéanfadh daoine óga dearmad ar gach rud mar gheall air?

**a)** scríbhneoireacht **b)** scipeáil **c)** éisteacht le ceol trom-mhiotalach **d)** brionglóideach

**Freagra:** a) Scríbhneoireacht – *Thug Sócraitéas rabhadh cáiliúil tráth go mbeadh "scríbhneoireacht ina cúis le dearmad in anam foghlaimeoirí". Ina ionad sin, bhraith Sócraitéas gur bhain ríthábhacht le díospóireacht agus le caint chun cabhrú le daoine faisnéis a thuiscint agus cuimhneamh ar an bhfaisnéis sin. Chomh maith leis sin, mhol Sócraitéas do thuismitheoirí gan ligean dá leanaí úrscéalta fantaisíochta a léamh toisc go bhféadfaidís an saol samhailteach a mheascadh suas leis an bhfíorshaol dá mbarr.*

**02** Is leis an dóigh a dtaistealaímid a bhaineann roinnt den dul chun cinn teicneolaíochta is tábhachtaí. Thógadh sé suas le ceithre mhí taisteal as Éirinn go dtí an Astráil ach, sa lá atá inniu ann, is féidir an turas sin a dhéanamh taobh istigh de thart ar 20 uair an chloig. A bhuí le feabhsúcháin san iompar, cuireadh feabhas suntasach ar bheatha daoine, ach chuir na feabhsúcháin sin eagla ar a lán daoine ar dtús.

Cén modh iompair a measadh a bheith chomh gasta sin go dtachtfaí daoine agus do dtitfeadh a n-orgáin amach as a gcorp?

**a)** scairdtrodaire **b)** an traein **c)** Space Mountain **d)** carr rásaíochta

**Freagra:** b) An traein – *Cuireadh go mór agus go fairsing in aghaidh taisteal ar iarnród sa 19ú haois. Dúirt dochtúir ar an gColáiste Ollscoile, Londain, tráth, "Ní féidir taisteal ar iarnród ar ardluas toisc go bhfaigheadh paisinéirí bás de bharr aisfsce (nó tachta), mar nach mbeidís in ann anáil a tharraingt." Mhaígh daoine eile go mbainfí aghaidh paisinéirí díobh agus iad ag taisteal ar ardluas 20 km in aghaidh na huaire agus go dtitfeadh a n-orgáin amach as a gcorp agus iad ag taisteal ar an traein.*

**03** D'athraigh an teicneolaíocht an saol sa bhaile ó bhonn freisin. Roimh theacht an leictreachais, thógadh tasc simplí ar nós éadaí a ní roinnt uaireanta crua-oibre agus, dá dteastódh uisce fiuchta, ba ghá tine a lasadh ar dtús. Cé go raibh beatha daoine i bhfad níos éasca a bhuí le leictreachas, bhí daoine amhrasach faoi ar dtús.

Cén mhír choitianta tí a raibh daoine buartha fúithi nuair a tháinig sí chun solais ar dtús mar gur chreid siad go mbeadh sí ina guais dóiteáin nó ina cúis le bás?

**a)** bolgán solais **b)** cócaireán **c)** teilifíseán **d)** radaitheoir

**Freagra:** a) Bolgán solais – *Bhí an-imní ann faoi leictreachas agus faoi bholgáin solais nuair a airgeadh iad den chéad uair. Bhí imní ar dhaoine go mbeadh bolgáin solais ina gcúis le dóiteáin agus le leictreamharú fiú. Ba é an tUachtarán Benjamin Harrison an chéad uachtarán ar na Stáit Aontaithe a raibh leictreachas aige sa Teach Bán. Mar sin féin, bhí an oiread sin eagla air féin agus ar a bhean chéile roimh lámh a leagan ar lasca solais gur mhinic a théadh siad a luí agus an solas air.*

**04** Is minic a bhíonn sé doiligh a rá cé na haireagáin a n-éireoidh leo. Ba de thaisme a cruthaíodh roinnt de na haireagáin is tábhachtaí ar domhan, x-ghathanna agus séadairí ina measc. Mar sin, is éasca a thuiscint cén fáth a raibh an tUachtarán Hayes, Uachtarán na Stát Aontaithe, in amhras nuair a taispeánadh aireagán nua eile dó.

Cén t-aireagán nua ar mheas an tUachtarán nach mbeadh aon duine ag iarraidh úsáid a bhaint as riamh?

**a)** playstation **b)** rothar **c)** teileafón **d)** seinnteoir mp3

**Freagra:** c) Teileafón – *Deir a lán daoine fásta (agus leanaí!) sa lá atá inniu ann nach bhféadfaidís maireachtáil gan fón póca. Tá sé seo deacair a chreidiúint, ach nuair a taispeánadh an teileafón don Uachtarán Rutherford B. Hayes, uachtarán na Stát Aontaithe ag an am, den chéad uair sa bhliain 1876, dúirt sé, "Is aireagán iontach é, ach cé a bheadh ag iarraidh úsáid a bhaint as?" Bhí eagla ar dhaoine eile roimh an teileafón toisc gur chreid siad nach dtiocfadh daoine le chéile a thuilleadh nó go gcuirfeadh bualadh an teileafóin daoine as a meabhair.*

**05** Is minic a bhíonn daoine fásta buartha go dtabharfaidh físchluichí spreagadh do leanaí imeacht i bhfiáin agus aithris a dhéanamh ar na héachtaí a fheiceann siad ar an scáileán. Mar a tharlaíonn, tá daoine fásta buartha faoin tionchar a imríonn cineálacha éagsúla caitheamh aimsire ar leanaí le fada an lá – i bhfad roimh theacht an fhíschluiche.

Cén cineál siamsaíochta ar maíodh faoi go ndéanfadh sé coirpigh de leanaí?

**a)** scannáin **b)** greannáin **c)** yóyónna **d)** gunnaí uisce

**Freagra:** b) Greannáin – *Síciatraí cáiliúil a bhí sa Dr Frederic Wertham. Thug sé "greannán coireachta" ar aon leabhair ina raibh daoine maithe agus daoine gránna. Is é is síciatraí ann ná dochtúir leighis a phléann go sainiúil le meabhair an duine agus le meabhairghalar. Ós rud é gur creideadh gur shaineolaí ab ea Wertham, chreid a lán tuismitheoirí an méid a bhí á rá aige agus bhí imní orthu go gcuirfí leanaí ar bhóthar na coiriúlachta dá léifidís greannáin faoi shárlaochra.*

**GNÍOMHAÍOCHT FAIRSINGITHE TEICNEOLAÍOCHT A ÚSÁID:**

Má tá áiseanna ar fáil chuige, iarr ar na daltaí táibléid nó ríomhairí a úsáid chun na suíomhanna Idirlín is fearr leo a lorg agus a thaispeáint dá bpiaraí i nGníomhaíocht 1.






## BILEOG OIBRE 1.1



## MO GHNÍOMHAÍOCHTAÍ AR AN IDIRLÍON

*Cad é an phríomhchúis a n-úsáideann tú an tIdirlíon?*

- ❑ chun sóisialú a dhéanamh
- ❑ chun cluichí a imirt
- ❑ chun foghlaim
- ❑ chun faisnéis a fháil
- ❑ chun cumarsáid a dhéanamh
- ❑ chun amharc ar fhíseáin/éisteacht le ceol
- ❑ eile: ______________________



Línigh an rud is fearr le déanamh ar an Idirlíon ar scáileán an táibléid. D'fhéadfadh teachtaireachtaí a sheoladh chuig do chara, amharc ar fhíseáin ghreannmhara nó suíomh Idirlín an-spéisiúil a úsáid bheith i gceist leis seo.

**BILEOG OIBRE 1.2**

# ÁBHAIR IMNÍ THEICNEOLAÍOCHTA AGUS SHÁBHÁILTEACHTA TRÍ NA HAOISEANNA

*Cuir an duine is sine a bhfuil aithne agat air agus a fheiceann tú go rialta faoi agallamh. Cuir ceisteanna air faoi mhír theicneolaíochta a bhí nua nuair a bhí an duine ar comhaois leat.*

Ainm an agallaí: ____________________

Dáta an agallaimh: ____________________

01 Cad a bhí ar an mír theicneolaíochta nua is spleodraí nuair a bhí tú ar comhaois liomsa?

____________________
____________________
____________________

02 Cén tionchar a bhí aici ar do shaol féin?

____________________
____________________
____________________

03 An raibh imní ar dhaoine go mbeadh drochthionchar aici ar an saol?

____________________
____________________
____________________

04 Ar imir sí aon drochthionchar i ndáiríre?

____________________
____________________
____________________



02



# Ceacht 02:

## CAD IS CIBEAR-BHULAÍOCHT ANN?

### Croí-choincheap:

Trína bheith in ann eisiamh a aithint mar chineál bulaíochta agus trí ionbhá a bheith acu leis na daoine lena mbaineann, spreagfar daltaí le gníomhú ar bhealach freagrach agus idirghabháil a dhéanamh ar bhealach dearfach sábháilte i gcásanna bulaíochta ar líne.

### Cuspóir:

Cabhrú leis na daltaí cibearbhulaíocht a aithint agus beart dearfach a dhéanamh chun deireadh a chur léi.
Cabhrú le daltaí a thuiscint go meastar gur cineál cibearbhulaíochta é postáil amháin a roinnt go poiblí ar líne.

### Naisc churaclaim:

**Snáithe OSPS:** Mise agus daoine eile;
**Snáithaonad OSPS:** Mo chairde agus daoine eile:

- bulaíocht agus na héifeachtaí atá léi a aithint, a phlé agus a thuiscint.

**Snáithe OSPS:** Mise agus an domhan mór;
**Snáithaonad OSPS:** Oideachas na Meán Cumarsáide:

- iniúchadh a dhéanamh, agus tuiscint a fháil, ar an gcaoi a scaiptear faisnéis agus cleachtadh a dhéanamh ar theachtaireachtaí a chur in iúl trí mhodhanna éagsúla.

### Naisc thraschuraclaim

Baintear an-úsáid as modheolaíochtaí drámaíochta i nGníomhaíocht 2.1 agus i nGníomhaíocht 2.2 d'fhonn cabhrú le daltaí ionbhá a bheith acu le Vicky agus le Siobhán agus iad a thuiscint.

Is féidir an ceacht seo a úsáid freisin mar chuid de chur chuige traschuraclaim i leith Gaeilge nó Béarla agus OSPS a theagasc. Cabhraíonn Gníomhaíocht 2.1 le scileanna teanga béil na ndaltaí a fhorbairt agus d'fhéadfaí Gníomhaíocht 2.4 a úsáid chun tuiscint na ndaltaí ar aidiachtaí a neartú.



## Mar Eolas: Bulaíocht a thuairisciú

Aon uair a labhraíonn tú faoi bhulaíocht, bíonn sé tábhachtach na gnásanna tuairiscithe atá i bhfeidhm i do scoil a leagan amach. Cuir in iúl do na daltaí na nithe ba cheart dóibh a dhéanamh/na daoine ar cheart dóibh labhairt leo má thagann siad ar bhulaíocht nó má fhulaingíonn siad bulaíocht.

De réir na nGnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-Bhunscoile, “ní mór don mhúinteoir ábhartha gach tuairisc, lena n-áirítear tuairiscí gan ainm, a imscrúdú agus déileáil leo. Ar an tslí sin beidh níos mó muiníne ag daltaí gur fiú bulaíocht a thuairisciú. Tá sé ríthábhachtach an mhuinín sin a chothú i measc na ndaltaí. Ba cheart é a rá go soiléir leis na daltaí nach ag tabhairt leideanna atá siad nuair a thuairiscíonn siad teagmhais bhulaíochta ach á n-iompar féin ar shlí fhreagrach.”

Is é an phríomhaidhm a bheidh ag an múinteoir agus bulaíocht á himscrúdú aige aghaidh a thabhairt ar “aon cheist is gá a réiteach agus an gaol idir na páirtithe i dtrácht a chur ar ais mar a bhí sé an oiread is indéanta sin”.

Tá sé ríthábhachtach go ndéanann daltaí idirghabháil ar bhealach sábháilte tairbheach, nó go bhfaigheann siad cabhair, nuair a thagann siad ar chibearbhulaíocht. Mol do na leanaí an teachtaireacht a choimeád, bac a chur ar an seoltóir, fadhbanna a thuairisciú agus gan freagra a thabhairt nuair a fhulaingíonn siad cibearbhulaíocht.



## Mar Eolas: Sainmhíniú ar bhulaíocht

De réir na nGnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-Bhunscoile, sainmhínítear bulaíocht mar seo a leanas:

Is é is bulaíocht ann ná iompar diúltach neamhiarrtha, bíodh sé i bhfoirm iompar briathartha, síceolaíoch nó fisiciúil, a dhéanann duine aonair nó grúpa in aghaidh duine (nó daoine) eile, agus a dhéantar arís agus arís eile.

Cuimsítear faoin sainmhíniú sin ar bhulaíocht na cineálacha seo a leanas d’iompar bulaíochta:

- duine a fhágáil as an áireamh d’aon ghnó, gabháil do chúlchaint mhailíseach agus do chineálacha eile caidreamh bulaíochta,
- cibearbhulaíocht agus
- bulaíocht bunaithe ar aitheantas, ar nós bulaíocht homafóbach, bulaíocht chiníoch, bulaíocht bunaithe ar bhallraíocht den Lucht Siúil agus bulaíocht ar dhuine faoi mhíchumas nó ar dhuine a bhfuil riachtanais speisialta oideachais aici/aige.

Ní chuimsíonn an sainmhíniú seo ar bhulaíocht teagmhais aonraithe







nó teagmhais aon uaire d’iompar diúltach d’aon turas, lena n-áirítear téacsteachtaireacht mhaslach nó goilliúnach aon uaire nó teachtaireachtaí príobháideacha eile agus ba cheart déileáil leo, mar is cuí, de réir chód iompair na scoile.
Ach, i bhfianaise an bheartais seo, féachfar ar theachtaireacht, íomhá nó ráiteas poiblí goilliúnach aon uaire ar shuíomh Gréasáin líonra poiblí nó ar fhóram poiblí eile ar féidir an teachtaireacht, an íomhá nó an ráiteas sin a fheiceáil air agus/nó a bheith athráite ag daoine eile mar iompar bulaíochta.

Iompar diúltach nach n-áirítear sa sainmhíniú seo ar bhulaíocht, déileálfar leis de réir chód iompair na scoile.

*Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-Bhunscoile (2013, 2.1.)*

## Mar Eolas: Ról na bhféachadóirí

Imríonn féachadóirí nó finnéithe róil thábhachtacha i ndinimic na bulaíochta. De réir staidéar amháin, a foilsíodh sa Canadian Journal of School Psychology, bíonn féachadóirí i láthair in 85% de chásanna bulaíochta. Fuarthas amach sa staidéar sin freisin go stopfar an bhulaíocht taobh istigh de 10 soicind i mbeagnach 60% de chásanna ina ndéanann piaraí idirghabháil. Léiríodh i staidéar eile, áfach, go ndearna féachadóirí iarracht idirghabháil a dhéanamh i níos lú ná 20% de chásanna.

Nuair a bhímid i gcásanna neamhchoitianta, féachaimid ar a chéile chun leideanna a fháil ar cad a dhéanfaimis. I gcásanna bulaíochta, féachann féachadóirí ar a chéile chun comharthaí a fháil ar cé acu ba cheart nó nár cheart dóibh idirghabháil a dhéanamh. Is é an fhadhb a bhíonn ann ná go mbíonn a bpiaraí ag féachaint orthu féin ar na cúiseanna céanna. Bíonn an dá pháirtí den tuairim gur neamhghníomh atá i gceist le leisce an duine eile agus tagann siad ar an gconclúid gur fearr gan rud ar bith a dhéanamh. Is minic a mheasann an bulaí go dtugann neamhghníomh na bhféachadóirí faomhadh dá ghníomhartha. Is minic freisin a mheasann an t-íospartach gur diúltú é an neamhghníomh sin.

Mar sin féin, nuair a dhéanann féachadóir idirghabháil chun tacaíocht a thabhairt don íospartach nó chun tabhairt le fios don bhulaí nach nglacfar lena iompar, is féidir go mbeidh an gníomh sin ina ábhar inspioráide d’fhéachadóirí eile agus go laghdófar drochthoradh na bulaíochta ar an íospartach.

Léiríodh i staidéar a rinneadh in 2003 gur féidir le múinteoirí cur ina luí ar fhéachadóirí idirghabháil a dhéanamh nuair a fheicfidh siad iompar bulaíochta agus gur dóchúla go dtarlóidh an idirghabháil sin má tá brú an phiarghrúpa ann chuige. Is iomaí cur chuige idirghabhála a fhéachann le hiompar an fhéachadóra féin a athrú trí aghaidh a thabhairt ar na

ceisteanna a bhaineann le brú piarghrúpa agus a spreagann iad chun cásanna bulaíochta a thuairisciú agus an dearcadh frithbhulaíochta a thiontú chun gnímh.

Mar sin, is éasca a thuiscint go mbíonn an-eagla ar leanaí agus ar dhaoine óga roimh idirghabháil a dhéanamh chun an bulaí a stopadh. D'fhéadfadh go mbeadh náire ar a lán finnéithe ar bhulaíocht, go mbraithfidís nach raibh cumhacht dá laghad acu nó go mbeadh aiféala nó brón orthu toisc nár chabhraigh siad leis an duine a raibh bulaíocht á déanamh air. Bíonn eagla ar a lán daltaí go dtabharfar "sceithire" orthu.

D'fhéadfadh go mbeadh eagla ar leanaí agus ar dhaoine óga go n-iompódh an bulaí orthu dá ndéanfaidís idirghabháil. I gcás leanaí a fheiceann iompar leanúnach bulaíochta nó a bhíonn páirteach in iompar leanúnach bulaíochta, d'fhéadfadh nach mbeidís chomh híogair céanna i leith bulaíochta agus d'fhéadfadh nach mbeidís in ann an dochar a dhéanann iompar ionsaitheach a aithint dá bharr sin.

Ó thaobh cibearbhulaíochta de, d'fhéadfadh an t-idirdhealú idir féachadóirí agus rannpháirtithe gníomhacha a bheith níos doiléire fós. Is minic a bhíonn freagracht ar dhaoine eile de bhreis ar an duine a dhéanann ábhar dochrach a chruthú agus a phostáil ar líne. Is féidir a mheas freisin gur iompar bulaíochta atá in ábhar a roinnt nó trácht a dhéanamh ar ábhar ar shuíomhanna líonraithe shóisialta, nó i bhfoinsí ábhair ar líne atá beartaithe chun daoine a uirísliú nó chun díobháil a dhéanamh dóibh a úsáid nó a leanúint.

Féachann a lán cineálacha cuir chuige idirghabhála le hiompar a athrú agus leanaí agus daoine óga a spreagadh le bulaíocht a thuairisciú agus dearcthaí i leith iompar bulaíochta a athrú.

Ós rud é go bhfuil formhór na bhféachadóirí in aghaidh bulaíochta cheana féin, d'fhéadfaí leas a bhaint as sin i straitéisí idirghabhála ar mhaithe le féachadóirí a spreagadh le tacaíocht a thabhairt do dhaoine nuair atá bulaíocht á déanamh orthu. Trí fheasacht a ardú ar an ról atá acu mar fhéachadóirí agus tríd an tuiscint atá acu ar an tionchar a imríonn bulaíocht ar íospartaigh a mhéadú, is féidir féachadóirí a spreagadh le bulaíocht a laghdú i measc an phiarghrúpa. Mar sin féin, is gá teagasc dóibh conas is féidir leo freagairt do bhulaíocht ar bhealach sábháilte tairbheach. Tá sé tábhachtach go bhfuil comhthuiscint ann ar phróisis shoiléire tuairiscithe.








**ACMHAINNÍ A THEASTAÍONN:**

**Cóisir Vicky ('Vicky's Party')**, beochan de chuid Webwise, atá ar fáil ag www.webwise.ie/vickysparty

Bileog Oibre 2.1: Cad is féidir leat a rá?

### Obair fairsingithe:

Modh chun an tIdirlíon a rochtain

**MODHEOLAÍOCHTAÍ:**

Físanailís, díospóireacht ranga, gníomhaíocht drámaíochta, léirshamhlú, machnamh.

**MODH MIONSONRAITHE:**

## GNÍOMHAÍOCHT 2.1:


### Eisiamh mar chineál cibearbhulaíochta – Físanailís

- Mínigh do na daltaí go mbeidh siad ag déanamh iniúchadh ar chibearbhulaíocht sa cheacht seo. Bí cinnte go leagann tú béim ag tús an ranga ar an bhfíric gur cheart do dhalta ar bith a thagann ar chibearbhulaíocht beart a dhéanamh chun deireadh a chur léi. Is é a d'fhéadfadh bheith i gceist leis sin idirghabháil a dhéanamh iad féin ar bhealach freagrach sábháilte nó iarraidh ar dhuine a bhfuil muinín acu astu cabhair a thabhairt.
- Iarr ar na daltaí amharc ar an mbeochan **Vicky's Party** (www.webwise.ie/vickysparty).
- Má tá go leor spáis ann, iarr ar na daltaí seasamh i gciorcal. Taispeáin an físeán uair amháin eile, ach bí réidh an físeán a chur ar sos ag na trí príomheachtra seo a leanas:
    1. Nuair a insíonn Vicky dá cuid cairde faoin gcóisir
    2. Nuair a sheolann na cailíní teachtaireachtaí téacs chuig a chéile, agus Vicky á fágáil ar lár acu ag an am céanna
    3. Nuair a thiteann Vicky isteach sa leithreas ag an deireadh
- *Más rud é gurbh fhearr leat gan an ghníomhaíocht drámaíochta seo a stiúradh, iarr ar na daltaí aghaidheanna a tharraingt chun an dóigh a mothaíonn Vicky ag na príomheachtraí éagsúla a léiriú.*
- Gach uair a chuireann tú an físeán ar sos, iarr ar na daltaí aghaidheanna a tharraingt chun an dóigh a mothaíonn Vicky ag an am sin dar leo a léiriú. Iarr ar roinnt daltaí ansin cur síos a dhéanamh ar an dóigh a mothaíonn Vicky dar leo. Ba cheart go gcabhródh an obair sin leis na daltaí ionbhá a bheith acu le Vicky agus a aithint gur rud éagórach goilliúnach é bulaíocht a dhéanamh ar dhuine trí é a fhágáil ar lár.

## GNÍOMHAÍOCHT 2.2:

### Caolsráid Coinsiasa Shiobhán

- Mínigh do na daltaí go bhfuil sé soiléir go raibh aiféala ar Shiobhán



faoina ndearna sí agus a cuid cairde ach mar sin féin ní dhearna sí rud ar bith chun an bhulaíocht a stopadh. Iarr ar na daltaí seasamh in dhá líne chomhthreomhara chun Caolsráid Coinsiasa a chruthú. Iarr ar na daltaí cé a bheadh sásta ról Shiobhán a ghlacadh.

- Iarr ar na daltaí go léir machnamh ciúin a dhéanamh ina n-aonar ar a bhféadfadh Siobhán a dhéanamh chun an bhulaíocht a stopadh
- Ina dhiaidh sin, iarr ar an dalta atá sa ról mar Shiobhán siúl síos an Chaolsráid Coinsiasa. Agus í ag siúl, ba cheart do gach duine de na daltaí comhairle a thabhairt di i gcogar maidir lena bhféadfadh sí a dhéanamh chun an bhulaíocht a stopadh.
- Tar éis di siúl síos an Chaolsráid Coinsiasa, ba cheart don dalta atá sa ról mar Shiobhán a rá cén cineál comhairle a tugadh di chun an bhulaíocht a stopadh. D'fhéadfadh díospóireacht ghearr teacht as sin ar an dóigh ar féidir le féachadóirí cabhair a thabhairt i gcásanna bulaíochta.

## GNÍOMHAÍOCHT 2.3:

### An tionchar fadtréimhseach a bhaineann le focail

- Is é aidhm na gníomhaíochta seo cabhrú leis na daltaí tuiscint a ghnóthú ar an tionchar fadtréimhseach a bhaineann le teachtaireacht dhiúltach a phostáil go poiblí ar líne. Ba cheart go gcabhródh an ghníomhaíocht seo le daltaí a thuiscint go meastar gur cineál cibearbhulaíochta é postáil aonair amháin fiú a roinnt go poiblí ar líne.
- Iarr ar na daltaí a súile a dhúnadh agus iarracht a dhéanamh cuimhneamh ar na focail agus ar na póstaeir éagsúla a fheiceann siad gach lá ar bhallaí an tseomra ranga agus na scoile.
- Agus a súile dúnta acu, ba cheart do na daltaí na samplaí éagsúla de phóstaeir, de chomharthaí agus d'fhocail a fheiceann siad ar fud na scoile gach lá a liostú. Déan liosta de na focail sin ar an gclár dubh. Déan iarracht roinnt comharthaí atá ar crochadh le fada a úsáid freisin.
- Iarr ar na daltaí ansin a súile a oscailt agus an fad ama atá na comharthaí agus na póstaeir ar crochadh a chatagóiriú (níos lú ná seachtain, níos lú ná mí ach níos mó ná seachtain, níos lú ná sé mhí, níos lú ná bliain, níos mó ná bliain). *D'fhéadfadh gur ghá siúl timpeall ar an scoil chun cabhrú leis na daltaí an cleachtadh seo a chur i gcrích.*
- Cuir na ceisteanna seo a leanas ar na daltaí:

**Q Conas a bhí sibh ábalta a rá cé na póstaeir a bhí ar crochadh ar na ballaí nuair a bhí bhur súile dúnta?**

**Q Cad a tharlaíonn nuair a fheiceann tú an póstaer céanna arís is arís eile?**





**Q Cá fhad a bhíonn póstaeir agus comharthaí ar crochadh ar na ballaí de ghnáth, de réir bhur suirbhé?**

**Q Conas a mhothódh sibh dá bhfeicfeadh sibh teachtaireachtaí/comharthaí goilliúnacha maslacha ar bhonn leanúnach?**

- Ós rud é gur féidir amharc uirthi an iomad uair, mínigh do na daltaí go bhféadfadh tionchar fadtréimhseach a bheith ag teachtaireacht ghoilliúnach a phostáiltear ar shuíomh poiblí líonraithe shóisialta. Toisc gur féidir amharc arís agus arís eile ar theachtaireachtaí maslacha ar an Idirlíon, meastar gur cibearbhulaíocht é teachtaireacht mhaslach aonair a phostáil ar an Idirlíon. Tá sé an-tábhachtach go mbeadh gach postáil a chuirimid ar fáil go poiblí, bíodh sí ar an mballa nó ar an Idirlíon, oiriúnach do gach duine, idir do sheanmháthair agus do dheartháir óg. A luaithe a phostálann tú rud éigin go poiblí ar an Idirlíon, ní bheidh smacht agat a thuilleadh ar cé a fheicfidh é. Is féidir leis an bpostáil a bheith ar fáil ar líne go deo.

## GNÍOMHAÍOCHT 2.4:

### A bheith i d'fhéachadóir dearfach

- Mínigh do na daltaí gur féidir le focail dhearfacha tionchar dearfach a imirt.
- Ar mhaithe le béim a leagan ar an bpointe sin, iarr ar gach dalta a ainm a scríobh i lár leathanaigh bháin A4 atá fágtha ar a dheasc. Iarr ar na daltaí siúl thart ar an seomra ansin agus teachtaireachtaí dearfacha gan ainm a fhágáil dá chéile. Ba cheart aird a tharraingt sna teachtaireachtaí ar roinnt de na tréithe is fearr atá ag an dalta.



- Tar éis do na daltaí teachtaireacht a fhágáil ag a chéile, iarr ar na daltaí súil a chaitheamh ar a mbileoga féin. Ina dhiaidh sin, cuir na ceisteanna seo a leanas orthu:

  **Q Conas a mhothaíonn sibh tar éis na tuairimí sin a léamh?**

- Leag béim ar an bhfíric gur féidir le gach duine a bheith ina fhéachadóir dearfach agus áthas a chur ar dhaoine atá ag streachailt. Is féidir leat a bheith i d'fhéachadóir dearfach ar líne agus as líne araon. Is é an rud is tábhachtaí ná an dóigh a roghnaíonn tú do chuid focal agus an dóigh a roghnaíonn tú le gníomhú.

**GNÍOMHAÍOCHT FAIRSINGITHE TEICNEOLAÍOCHT A ÚSÁID:**

- Mol do na daltaí an clár beochana a thaispeáint dá dtuismitheoirí sa bhaile agus **Bileog Oibre 2.1: Cad is féidir leat a rá?** a chomhlánú.
- Tabharfaidh an ghníomhaíocht seo spreagadh do dhaltaí agus do thuismitheoirí smaoineamh faoin dóigh ar cheart dóibh freagairt do chibearbhulaíocht.
- Tá an físeán ar fáil ag: www.webwise.ie/vickysparty




## ➔ BILEOG OIBRE 2.1

## CAD IS FÉIDIR LEAT A RÁ?

*Féach ar Vicky's Party (atá ar fáil ag www.webwise.ie/vickysparty) arís, an tráth seo i gcuideachta do thuismitheoirí.*

*Scríobh teachtaireacht téacs a d'fhéadfadh Siobhán a sheoladh chuig Vicky nó chuig na cailíní eile chun an cás a réiteach.*



# 03





# Ceacht 03:

## CÉN CHAOI A MOTHAÍONN SÉ A BHEITH I NGÉIBHEANN NA BULAÍOCHTA AGUS AN CHAOI IS FEARR CHUN FREAGAIRT DI

### Croí-choincheap:

Féadann bulaíocht ar líne eascairt as mothúcháin láidre agus a bheith ina cúis le mothúcháin láidre. Tugann an ceacht seo deis do na daltaí iniúchadh a dhéanamh ar na mothúcháin a bhíonn i gceist le cás cibearbhulaíochta agus straitéisí a fhorbairt chun déileáil go héifeachtach léi.

### Toradh:

Beidh na daltaí in ann freagairt ar bhealach báúil, dearfach agus éifeachtach do bheith ina bhfinné ar chásanna bulaíochta ar líne nó do bheith páirteach i gcásanna bulaíochta ar líne.

### NÓTA DON MHÚINTEOIR:

Tabhair cuairt ar rannán na n-acmhainní ar líne chun amharc ar fhíseáin a bhaineann le straitéisí coisc is féidir a úsáid chun dul i ngleic le bulaíocht (www.webwise.ie/cyberbullyingprimarysupport). Féach freisin ar an alt atá ar fáil ar Webwise (www.webwise.ie/ga/muinteoiri/conas-gabhail-scaileain-a-ghlacadh-ar-do-riomhaire-ar-do-ghuthan-no-ar-do-thaiblead) maidir le gabháil scáileáin a ghlacadh sula stiúrfaidh tú an ceacht seo.

### Naisc churaclaim:

**Snáithe OSPS:** Mise agus daoine eile;
**Snáithaonad OSPS:** Mo chairde agus daoine eile:

- an tslí ar féidir le daoine aonair déileáil le bulaíocht bheith á himirt orthu a iniúchadh agus a phlé, fios a bheith aige/aici go bhfuil bulaíocht á himirt ar dhaoine eile agus bheith ina b(h)ulaí

**Snáithe OSPS:** Mise agus an domhan mór;
**Snáithaonad OSPS:** Oideachas na Meán Cumarsáide:

- an déileáil éagothrom le gnéasróil agus le saincheisteanna eile i litríocht, i bhfógraíocht, i ndrámaíocht, in irisí agus i meáin eile a aithint.

### Naisc thraschuraclaim:

Baineann Gníomhaíocht 3.2 le litir a scríobh. Mar sin, d'fhéadfaí í a chur i gcrích i rang Gaeilge nó Béarla.

**ACMHAINNÍ A THEASTAÍONN:**

Tá The Match, beochan de chuid Webwise, ar fáil ag www.webwise.ie/thematch
Bileog Oibre 3.1: Na mothúcháin a bhíonn i gceist le cibearbhulaíocht
Bileog Oibre 3.2: Mo thaobh féin den scéal
Bileog Oibre 3.3: An cód frith-chibearbhulaíochta a bhriseadh
Bileog Oibre 3.4: Réiteach ar do chuid fadhbanna
Rochtain ar ríomhaire/ar tháibléad

**MODHEOLAÍOCHTAÍ:**

Físanailís, grúpobair, scríbhneoireacht litreach pearsanta, díchódú

**MODH MIONSONRAITHE:**

## GNÍOMHAÍOCHT 3.1:

### Na mothúcháin a bhíonn i gceist le cibearbhulaíocht

- Iarr ar na daltaí amharc ar **The Match**, an dara beochan frith-chibearbhulaíochta (atá ar fáil ag www.webwise.ie/thematch).
- Le linn do na daltaí a bheith ag amharc ar The Match den dara huair, iarr orthu smaoineamh ar na mothúcháin a bhí ag Conor agus ag Ryan trí **Bhileog Oibre 3.1: Na mothúcháin a bhíonn i gceist le cibearbhulaíocht** a chomhlánú.
- Iarr ar na daltaí cur síos a dhéanamh ar an dóigh ar chomhlánaigh siad na bileoga oibre agus cuir na ceisteanna seo a leanas orthu ansin chun cabhrú leo a thuiscint cén fáth ar thosaigh Ryan ag déanamh bulaíocht ar Conor.










**Q Bhí mothúcháin dhiúltacha ag an mbeirt charachtar le linn na beochana. Féachaigí ar bhur mbileoga oibre agus mínígí cad a chuir isteach ar Ryan? Cad a chuir isteach ar Conor?**

**Freagra molta:** *Bhí roinnt mothúcháin dhiúltacha ag Ryan. Roimh an gcluiche, bhí imní air faoin méid a déarfadh a athair le linn an chluiche. Le linn an chluiche, bhí Ryan faoi bhrú agus corraithe. Bíonn a athair ag cur a lán brú air imirt go maith. Bíonn sé faoi ghruaim agus cuireann sé díomá air féin nuair a ligeann sé síos a athair. Tar éis an chluiche, bhí éad ar Ryan le Conor, duine a d'imir go maith le linn an chluiche. Mar gheall ar an bhfrustrachas a bhí ar Ryan, ar an bhfearg a bhí air leis féin agus ar an éad a bhí air le Conor, d'fhág Ryan teachtaireachtaí maslacha tarcaisneacha ar líne.*
*Cé gur chaill a fhoireann an cluiche, d'imir Conor go han-mhaith le linn an chluiche agus shílfeá go mbeadh sé bródúil as sin. Bhí díomá air nach raibh an bua ag a fhoireann, ach ní raibh sé róbhrónach toisc go raibh sé muiníneach gur imir sé go maith. Ní raibh aon amhras air faoi féin go*





*dtí gur tháinig sé abhaile agus go bhfaca sé na rudaí a scríobh Ryan ar a ghrianghraif ar líne. Bhí sé mímhuiníneach ansin as an gcuma a bhí air agus bhí sé buartha go raibh gach duine de na buachaillí móra ag magadh faoi. Bhí cantal ar le Ryan as a bheith ag magadh faoi.*
*Níl a fhios ag Conor cad a rinne sé chun an íde a tharraingt..*

**Q Cé na mothúcháin a bhrúigh Ryan chun bulaíocht a dhéanamh ar Conor?**

**Freagra molta:** *Thosaigh Ryan ag déanamh bulaíocht ar Conor mar gheall ar an éad a bhí air leis an mbua spóirt a bhí ag Conor. Bhí sé in éad leis freisin toisc go dtugann athair Ryan meas ar Conor, cé nach dtugann sé ach íde do Ryan.*

**Q Cén dóigh a bhféadfadh Ryan déileáil leis na mothúcháin dhiúltacha a bhí aige, dóigh nach mbainfeadh le bulaíocht a dhéanamh ar Conor?**



**Freagra molta:** *Seachas bheith ag piocadh ar Conor agus ag smaoineamh ar a ndeachaigh in abar le linn an chluiche, d'fhéadfadh Ryan iarracht a dhéanamh spion maith a chur air féin trí rud a mbainfeadh sé sult as agus nach mbeadh aon bhaint ar bith aige leis an iománaíocht a dhéanamh. Chabhródh an méid sin leis a scíth a ligean agus chuirfeadh sé cosc air rud éigin a rá agus é spréachta ar líne, rud a mbeadh aiféala air faoi níos déanaí. D'fhéadfadh Ryan iarracht a dhéanamh comhrá macánta a bheith aige lena athair. D'fhéadfadh Ryan a mhíniú dá athair go mbíonn sé faoi strus agus beagán cúthail nuair a scairteann a athair air agus é ag imirt. D'fhéadfadh Ryan a rá lena athair gurbh fhearr leis gan é a bheith i láthair ag na cluichí má bhíonn sé chomh tógtha sin leis an spórt i gcónaí. Má bhí eagla air roimh labhairt lena athair, d'fhéadfadh Ryan labhairt faoinar tharla le duine fásta eile a bhfuil muinín aige astu, amhail a mháthair, dearthair nó deirfiúr mór nó cóitseálaí.*

## GNÍOMHAÍOCHT 3.2:

### Mo thaobh féin den scéal

- Sa chleachtadh seo, scríobhfaidh na daltaí litreacha chuig comhairleoir croí chráite chun comhairle a fháil. Agus na litreacha á scríobh acu, glacfaidh na daltaí róil na gcarachtar éagsúil in The Match. Trí na litreacha sin a scríobh, cabhrófar leis na daltaí a shamhlú cén fáth ar ghníomhaigh gach duine de na carachtair ar an mbealach a ghníomhaigh sé agus cabhrófar leo tuiscint a ghnóthú ar na mothúcháin taobh thiar den bhulaíocht.
- Roinn an rang ina dhá chuid. Scríobhfaidh leath amháin den rang litreacha ó thaobh Ryan de agus scríobhfaidh an leath eile litreacha ó thaobh Conor de.


- Iarr ar na daltaí a litreacha a chomhlánú i m**Bileog Oibre 3.2: Mo thaobh féin den scéal**.
- Nuair a bheidh na litreacha scríofa ag na daltaí, ba cheart iad a fhilleadh, mar a bheadh sé ar intinn acu iad a sheoladh sa phost. Ba cheart na litreacha a mhalartú ansin ionas go dtabharfar litir ó thaobh Conor de do gach duine a scríobh litir ó thaobh Ryan de, agus a mhalairt.

Mar obair baile, ba cheart do gach duine a chur i gcéill gurb iadsan Comhairleoir Croí Chráite na Bulaíochta agus comhairle a thabhairt i bhfreagra i scríbhinn ar na litreacha a fuarthas (**Bileog Oibre 3.4: Réiteach ar do chuid fadhbanna**). Ba cheart moladh do na daltaí an físeán a thaispeáint dá dtuismitheoirí agus an ghníomhaíocht d'obair baile a phlé leo. Cabhróidh na gníomhaíochtaí seo a leanas leis na daltaí a ullmhú do chomhairle a thabhairt maidir le cibearbhulaíocht.

## GNÍOMHAÍOCHT 3.3:

### An cód frith-chibearbhulaíochta a bhriseadh

- Sula stiúrfaidh tú an ghníomhaíocht seo, pléigh na bearta ba cheart dóibh a dhéanamh má thagann siad ar chibearbhulaíocht leis na daltaí. Féach ar an mbosca Mar Eolas: Comhairle Thábhachtach do Leanaí.
- Agus iad ina ngrúpaí, ba cheart do na daltaí obair a dhéanamh le chéile ar **Bhileog Oibre 3.3: An cód frith-chibearbhulaíochta a bhriseadh**. Leagtar amach sa chód sin na bearta ba cheart do Conor a dhéanamh chun dul i ngleic le cibearbhulaíocht.
- Nuair a bheidh an teachtaireacht thábhachtach díchódaithe ag gach grúpa, ba cheart do na grúpaí na bearta sin a phlé agus a bheith in ann míniú a thabhairt ar conas gach beart a chur i gcrích.
- Conas an cód a bhriseadh: Léiríonn an uimhir faoi bhun gach litreach cé mhéad áit ba cheart duit dul siar san aibítir chun an litir cheart a fháil. Mar shampla, téigh spás amháin siar chun dul ó O go N, an chéad litir sa chód. Téigh 8 spás siar chun dul ó H go Á. Tabhair an fhaisnéis sin do na daltaí má bhíonn deacracht acu leis an gcód a bhriseadh.
- Freagra: Ná freagair, coimeád an teachtaireacht, tuairiscigh ar líne, abair é le duine éigin.




*Íoslódáil an póstaer seo ag www.watchyourspace.ie/ga/acmhainni*

## GNÍOMHAÍOCHT 3.4:

### Conas an teachtaireacht a choimeád: gabháil scáileáin a ghlacadh

- D'fhonn go mbeidh daltaí in ann fianaise ar chibearbhulaíocht a thaifeadadh nó "an teachtaireacht a choimeád", is gá go mbeidís in ann gabháil scáileáin a ghlacadh ar a bhfóin, ar a dtáibléid agus ar a ríomhairí.





- Féach ar an alt seo ó Webwise (http://www.webwise.ie/ga/muinteoiri/conas-gabhail-scaileain-a-ghlacadh-ar-do-riomhaire-ar-do-ghuthan-no-ar-do-thaiblead/) le haghaidh treoracha maidir le conas gabháil scáileáin a ghlacadh agus bí ar an eolas faoi conas gabháil scáileáin a ghlacadh ar na gléasanna is ábhartha sula gcuirfidh tú tús leis an ngníomhaíocht seo.
- Taispeáin do na daltaí conas gabháil scáileáin a ghlacadh agus iarr orthu ansin obair a dhéanamh ina mbeirteanna ar ríomhairí agus ar tháibléid ar mhaithe le cleachtadh a fháil ar ghabháil scáileáin a ghlacadh agus a shábháil.
- Inis dóibh freisin gur féidir teachtaireachtaí agus postálacha bulaíochta a thaifeadadh freisin trí ghrianghraf den teachtaireacht a ghlacadh le ceamara nó le fón nó le táibléad eile.



## Mar Eolas: Comhairle Thábhachtach do Leanaí:

**//:Ná freagair** teachtaireacht ar bith a chuireann isteach ort nó a dhéanann tú a chiapadh. Cé go dteastódh uait freagra a thabhairt orthu, is é sin go díreach a theastaíonn ón seoltóir chomh maith. Ba mhaith leo a fháil amach gur chuir siad isteach ort nó go bhfuil trí chéile mar gheall air. Is ag iarraidh tú a chur soir atá siad, ná tabhair an deis sin dóibh. Má thugann tú freagra níos mailísí orthu, beidh a fhios acu gur chuir siad isteach ort. Is é sin atá uathu. D'fhéadfaidís gearán a dhéanamh fút fiú!

**//:Coimeád an teachtaireacht:** Ní gá duit í a léamh, ach coimeád mar sin féin í. Má fhaigheann tú teachtaireachtaí a chuireann isteach ort ar bhonn rialta, beidh an fhianaise ag teastáil uait chun cabhair a fháil. Beidh an fhianaise ó mhúinteoirí, ó phríobháidí, ó úinéirí suíomhanna Idirlín, ó chuideachtaí fón póca agus ó na Gardaí le go mbeidh siad ábalta teacht i gcabhair ort.

**//:Cuir bac ar an seoltóir:** Ní gá duit cur suas leis an gciapadh sin. Má fhaigheann tú teachtaireachtaí ar do phróifíl líonraithe shóisialta nó ar d'aipeanna a chuireann isteach ort, is gnách gur féidir cosc a chur ar an duine sin tríd an gcnaipe chun bac a chur ar an duine a bhrú ('block button'). Is féidir bac a chur ar uimhir fóin daoine ar roinnt fóin phóca. Seans go mbeidh ort an lámhleabhar a léamh nó iarraidh ar dhuine fásta cúnamh a thabhairt duit chun é sin a dhéanamh.

**//:Abair é le duine a bhfuil muinín agat as:** Abair é le tuismitheoir, le cara nó le duine a bhfuil muinín agat as. Is é sin an chéad chéim is féidir a ghlacadh chun dul i ngleic le haon rud. I gcás teachtaireachtaí bulaíochta ar scoil, ba cheart duit labhairt le múinteoir a bhfuil muinín agat as nó le treoirchomhairleoir. Má theastaíonn uait labhairt le duine láithreach, cuir glao ar Líne Chabhrach na Leanaí ag 1800 66 66 66.

**//:Déan Deacrachtaí a Thuairisciú** do na daoine ar féidir leo rud éigin a dhéanamh fúthu. Is féidir leat smacht a fháil – ná glac le hábhar gránna agus déan é a thuairisciú nuair a thagann tú air. Cuireann suíomhanna freagracha Idirlín agus oibritheoirí freagracha fón póca dóigheanna ar fáil duit chun nithe ar nós ábhar bulaíochta nó ábhar mailíseach eile a thuairisciú.





**BILEOG OIBRE 3.1**

## NA MOTHÚCHÁIN A BHÍONN I GCEIST LE CIBEARBHU

***Amharc ar an gclár beochana den dara huair. Líon isteach na haghaidheanna ansin chun an dóigh ar mhothaigh na carachtair éagsúla (nó an dóigh ar mhothaigh siad dar leat) ag amanna éagsúla le linn The Match a léiriú.***

| | Roimh an gcluiche | Le linn an chluiche | Tar éis an chluiche | Le linn dóibh bheith ag amharc ar ghrianghraif ar líne |
|---|---|---|---|---|
| Ryan | | | | |
| Conor | | | | |



## BILEOG OIBRE 3.2

### MO THAOBH FÉIN DEN SCÉAL

*Scríobh litir chuig an Leathanach Fadhbanna a fhoilsítear in iris. Scríobh an litir ó thaobh Ryan nó Conor de. Inis do thaobh féin den scéal agus iarr comhairle ansin maidir le conas an bhulaíocht a réiteach. D'fhéadfadh gur mhian leat amharc ar The Match arís ag www.webwise.ie/thematch sula scríobhfaidh tú freagra.*

A Chomhairleoir Croí Chráite na Bulaíochta, a chara,

Bhí mé páirteach i gcás bulaíochta le déanaí agus tá cuidiú ag teastáil uaim. Seo a leanas mo thaobh féin den scéal:

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

Rinne mé é sin mar: ____________________________

____________________________________________

____________________________________________


____________________________________________

____________________________________________

Mothaím ____________________ mar thoradh air.

Bheinn buíoch díot as do chomhairle maidir lenar cheart dom a dhéanamh.

Ó ________________________________





## BILEOG OIBRE 3.3

### AN CÓD FRITH-CHIBEARBHULAÍOCHTA A BHRISEADH

*Cabhróidh an aibítir thíos leat an cód frith-chibearbhulaíochta a bhriseadh. Bain úsáid as na huimhreacha faoi bhun na litreacha chun na focail a dhíchódú. Tá an chéad fhocal déanta duit cheana féin.*

*Leid: Siar linn ar fad!*

A B C D E F G H I J K L M N O P Q R S T U V W X Y Z

| | | | |
|---|---|---|---|
| E | W | N | T |
| 1 | 8 | 0 | 0 |
| D | O | N | T |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| X | K | Y | V | U | T | E |
| 6 | 6 | 6 | 6 | 6 | 6 | 1 |
| | | | P | | | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| S | E | E | V |
| 8 | 0 | 0 | 6 |
| | E | E | |

| | | |
|---|---|---|
| Z | N | K |
| 6 | 6 | 6 |
| | H | |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| S | K | T | A | A | G | K |
| 6 | 6 | 1 | 8 | 0 | 0 | 6 |
| | | | S | A | G | |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| X | K | V | U | X | U |
| 6 | 6 | 6 | 6 | 6 | 1 |
| | | | | | T |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| W | N | L | O | T | K |
| 8 | 0 | 0 | 6 | 6 | 6 |
| | N | L | | | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Z | K | R | M |
| 6 | 6 | 6 | 1 |
| | | L | |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| A | O | M | K | U | T | K |
| 8 | 0 | 0 | 6 | 6 | 6 | 6 |
| | O | M | | | | |

*Is í an uimhir a úsáidtear sa chód ná uimhir theileafóin Líne Chabhrach na Leanaí. Más rud é go bhfuil tú páirteach i gcás bulaíochta agus go dteastaíonn uait labhairt le duine éigin, is féidir leat glao a chur ar Líne Chabhrach na Leanaí ag 1800 66 66 66.*

BILEOG OIBRE 3.4

## RÉITEACH AR DO CHUID FADHBANNA

***Amharc ar The Match arís ag www.webwise.ie/thematch, an tráth seo i gcuideachta do thuismitheoirí. Ansin lig ort gur tú an comhairleoir croí chráite agus scríobh freagra chuig Ryan nó chuig Conor. Ba cheart duit comhairle a thabhairt i do litir faoi conas is féidir le Ryan nó le Conor an cás bulaíochta a réiteach.***

A ______________________ , a chara,

Fadhbanna móra iad bulaíocht agus cibearbhulaíocht. Téann siad i bhfeidhm agus cuireann siad isteach ar a lán daoine. Bhí an ceart agat cabhair a iarraidh. Maith thú!

Molaim duit na nithe seo a leanas a dhéanamh anois:

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

D'fhéadfá smaoineamh faoi labhairt le ______________

______________________ chun níos mó cabhrach a fháil.

Cuimhnigh má bhíonn eagla ort riamh nó mura mbíonn a fhios agat cad ba cheart a dhéanamh, labhair le duine fásta freagrach.

Coinnigh do mhisneach.

Comhairleoir Croí Chráite na Bulaíochta

# Ceacht 04:

04

## GABHADH THÚ: GRIANGHRAIF DHIGITEACHA A ROINNT GO FREAGRACH



### Croí-choincheap:

Trí iniúchadh a dhéanamh ar roinnt na ngrianghraf digiteach, cabhrófar le daltaí a bheith níos freagraí nuair a roinntear grianghraif.

### Toradh:

Beidh na daltaí in ann anailís a dhéanamh ar na saintréithe atá ag grianghraif dhigiteacha a fhágann nach ionann iad agus grianghraif analógacha. Chomh maith leis sin, beidh siad in ann cur síos a dhéanamh ar fhreagairtí cuí do chásanna a bhaineann le grianghraf a roinnt a d'fhéadfadh a bheith contúirteach.

### Nasc curaclaim:

**Snáithe OSPS:** Mise agus daoine eile;

**Snáithaonad OSPS:** Mo chairde agus daoine eile

- an tslí ar féidir le daoine aonair déileáil le bulaíocht bheith á himirt orthu a iniúchadh agus a phlé, fios a bheith aige/aici go bhfuil bulaíocht á himirt ar dhaoine eile agus bheith ina b(h)ulaí.


**Snáithe OSPS:** Mise agus an domhan mór;

**Snáithaonad OSPS:** Oideachas na meán cumarsáide

- roinnt teicníochtaí simplí craolacháin, léirithe agus cumarsáide a iniúchadh agus a úsáid.

### Naisc thraschuraclaim

Baineann Gníomhaíocht 2 le scileanna uimhearthachta agus d'fhéadfaí í a úsáid chun cabhrú le séana a theagasc do dhaltaí i rang 6.



D'fhonn cur chuige traschuraclaim a ghlacadh i leith Gaeilge nó Béarla agus OSPS a theagasc, tabhair faoi deara go gcabhróidh an díospóireacht i nGníomhaíocht 4.1 le forbairt a dhéanamh ar an inniúlacht atá ag daltaí i dteanga bhéil a úsáid agus ar an muinín atá acu as teanga bhéil a úsáid agus go gcabhróidh Gníomhaíocht 4.2 le forbairt a dhéanamh ar scileanna teanga béil na ndaltaí.

**ACMHAINNÍ A THEASTAÍONN:**

Tá The Photo, beochan de chuid Webwise, ar fáil ag www.webwise.ie/thephoto Ceamaraí/táibléid scoile
Bileog Oibre 4.2: Mearscaipeadh – An dóigh ar féidir le roinnt grianghraf dul ó smacht

**MODHEOLAÍOCHTAÍ:**

Obair bheirte, díospóireacht ranga, grianghrafadóireacht, rólimirt, scileanna uimhearthachta: iolrú

**MODH MIONSONRAITHE:**

## GNÍOMHAÍOCHT 4.1:

### The Photo – cad ba cheart do Chathal a dhéanamh?

- Iarr ar na daltaí amharc ar **The Photo**, an tríú beochan, atá ar fáil ar www.webwise.ie/thephoto
- Stiúir díospóireacht ghairid ar na ceisteanna seo a leanas ar mhaithe leis na daltaí a spreagadh le hionbhá a bheith acu leis na carachtair:

  **Q Cén fáth ar roinn Jack an grianghraf ar an gcéad dul síos?**

  **Q Cén fáth a ndearna Cathal ionsaí ar Jack sa chlós súgartha?**

  **Q Bhí Cathal agus Jack araon i dtrioblóid ag an deireadh. An raibh sé sin cothrom?**

- Le linn do na daltaí a bheith ag amharc ar an mbeochan den dara huair, iarr orthu machnamh a dhéanamh ar an gceist seo a leanas:

  **Q Tar éis an grianghraf a roinnt, cad a d'fhéadfadh Cathal a dhéanamh chun a chinntiú nach rachadh an scéal ó smacht?**

- Ina mbeirteanna, iarr ar na daltaí plé a dhéanamh ar a bhfreagraí ar an gceist sin agus rólimirt ghearr a ullmhú ansin. Sa rólimirt, ba cheart féachaint ar chríocha malartacha ar an scéal.
- Iarr ar roinnt de na beirteanna a gcríocha malartacha a chur i láthair os comhair an ranga. Ba cheart don rang plé a dhéanamh ansin ar na críocha malartacha agus an ceann is fearr a roghnú.









## GNÍOMHAÍOCHT 4.2:

### Mearscaipeadh – An dóigh ar féidir le roinnt grianghraf dul ó smacht

- Léirítear sa bheochan The Photo an dóigh ar féidir le roinnt pictiúr dul ó smacht go tapa. Tarraing aird na ndaltaí ar an bhfíric gur féidir aon rud a phostálann siad ar líne a chóipeáil agus a roinnt go héasca le daoine nach mbeadh sé beartaithe dóibh riamh. Iarr ar na daltaí obair a dhéanamh ina ngrúpaí ansin chun liosta a chur le chéile de na bealaí éagsúla eile inar féidir pictiúir a roinnt.
- Iarr ar gach grúpa a liosta de mhodhanna roinnte a léamh os ard. Meabhraigh do na daltaí gur féidir teachtaireachtaí agus pictiúir a shábháil trí ghabháil scáileáin nó trí ghrianghraif a ghlacadh díobh agus gur féidir iad a roinnt ina dhiaidh sin.
- Iarr ar gach dalta páipéar bán nó áireamhán a fháil, más féidir, (nó is féidir leis na daltaí **Bileog Oibre 4.2: Mearscaipeadh** a úsáid chun an ghníomhaíocht a chur i gcrích).
- Ba cheart do na daltaí do threoracha a leanúint agus a chur i gcrích go cúramach ansin.
- Léigh an script seo a leanas:

> - Samhlaigh go bhfeiceann tú pictiúr a cheapann tú go dtaitneodh le gach duine de do chairde. Cinneann tú an pictiúr a roinnt ar líne nó trí aip teachtaireachtaí a úsáid.
> - Tar éis 10 nóiméad, tá an pictiúr feicthe ag gach duine lenar roinn tú é. Scríobh síos líon na ndaoine lenar roinn tú an pictiúr.
> - Tar éis 10 nóiméad eile, tá an pictiúr roinnte ag do chuid cairde le gach duine dá gcuid cairde féin anois. Ar mhaithe le meastachán a fháil ar líon na ndaoine a bhfuil an pictiúr feicthe acu taobh istigh d'fhiche nóiméad, déan an chéad uimhir a scríobh tú síos a iolrú fúithi féin (e.g. 20 x 20 = 400) agus scríobh an freagra síos.
> - Ina dhiaidh sin, roinneann na daoine sin an pictiúr lena gcuid cairde féin. Ar mhaithe le meastachán a fháil ar líon na ndaoine a bhfuil an pictiúr feicthe acu taobh istigh de thríocha nóiméad, déan an freagra deiridh a iolrú faoin gcéad uimhir a scríobh tú síos (400 x 20 = 8000).
> - Ina dhiaidh sin, roinneann na daoine sin an pictiúr lena gcuid cairde féin. Ar mhaithe le meastachán a fháil ar líon na ndaoine a bhfuil an pictiúr feicthe acu taobh istigh de dhaichead nóiméad, déan an freagra deiridh a iolrú faoin gcéad uimhir a scríobh tú síos (8000 x 20 = 160000).
> - Mar an gcéanna, roinneann na daoine sin an pictiúr lena gcuid cairde féin taobh amuigh de dheich nóiméad eile. Ar mhaithe le meastachán a fháil ar líon na ndaoine a bhfuil an pictiúr feicthe acu taobh istigh de chaoga nóiméad, déan an freagra deiridh a iolrú faoin gcéad uimhir a scríobh tú síos (160000 x 20 = 3200000).
> - Téann deich nóiméad eile thart agus roinneann na daoine sin an pictiúr lena gcuid cairde féin. Ar mhaithe le meastachán a fháil ar líon na ndaoine a bhfuil an pictiúr feicthe acu taobh istigh d'uair an chloig, déan an freagra deiridh a iolrú faoin gcéad uimhir a scríobh tú síos (3200000 x 20 = 64000000).
> - An chéad uair eile a logálfaidh tú isteach, feicfidh tú go bhfuil an pictiúr le feiceáil i ngach áit. Tugtar éifeacht víreasach ar an mearscaipeadh sin, toisc go bhfuiltear tar éis an pictiúr a scaipeadh ar nós víris.

- Faigh aiseolas na ndaltaí ar an ngníomhaíocht seo:

  **Q** **Cad a d'fhoghlaim sibh sa cheacht seo faoi ghrianghraif a roinnt ar an Idirlíon?**

  **Q** **Cad a mhothódh duine dá roinnfí postáil mhaslach nó ghoilliúnach ar an mbealach sin?**

  **Q** **Cé chomh héasca is atá sé grianghraif a bhaint ón Idirlíon, dar libh?**

**Nóta:** *Is féidir an ghníomhaíocht seo a fhairsingiú chun cabhrú leis an gcoincheap matamaiticiúil a bhaineann le séana a mhíniú do dhaltaí i rang 6.*

## GNÍOMHAÍOCHT 4.3:

### Am grianghrafadóireachta

- Roinn na daltaí ina ngrúpaí beaga agus tabhair rochtain ar cheamara scoile do gach grúpa. Mura bhfuil go leor ceamaraí ann do na grúpaí ar fad, iarr ar leath an ranga **Bileog Oibre 4.2** a chomhlánú le linn don chuid eile den rang an ghníomhaíocht a chur i gcrích. Malartaigh na grúpaí ansin ionas go mbeidh deis ag gach dalta an ceamara a úsáid.
- Ba cheart thart ar chúig nóiméad a thabhairt do gach grúpa chun pictiúir a ghlacadh díobh féin leis na ceamaraí.
- Is féidir grianghraif a ghlacadh de ghrúpaí nó de dhaoine aonair nó is féidir leo a bheith ina bhféinphiceanna. Is gá go mbeadh gach dalta i ngrianghraf amháin ar a laghad. Abair leo go bhféadfaí na pictiúir sin a úsáid chun cuimhneamh ar a gcuid ama ar scoil. Lig do na daltaí an oiread pictiúr agus is mian leo a ghlacadh laistigh de thréimhse ama ar leith.
- Úsáidfear na grianghraif sin sa chéad cheacht eile.

**GNÍOMHAÍOCHT FAIRSINGITHE TEICNEOLAÍOCHT A ÚSÁID:**



- Má tá dóthain ama agus acmhainní ar fáil chuige, íoslódáil aip lena gcruthaítear Puipéid Stoca, amhail Sock Puppets nó Puppet Pals.
- Iarr ar na daltaí an rólimirt i nGníomhaíocht 1 a dhéanamh trí bheochan dhigiteach ina bhfuil Puipéid Stoca a chruthú.
- Tar éis dóibh a mbeochaintí a chur i láthair, déanfaidh na daltaí plé ar an dóigh ar dhéileáil siad le cibearbhulaíocht, cosúil léi sin ar cuireadh síos air mar chuid de Ghníomhaíocht 1.



## BILEOG OIBRE 4.2

## MEARSCAIPEADH – AN DÓIGH AR FÉIDIR LE ROINNT GRIANGHRAF DUL Ó SMACHT

*Samhlaigh go bhfeiceann tú pictiúr a cheapann tú go dtaitneodh le gach duine de do chairde. Cinneann tú an pictiúr a roinnt ar líne nó trí aip teachtaireachtaí a úsáid.*

□ *Tar éis 10 nóiméad, tá an pictiúr feicthe ag gach duine lenar roinn tú é. Scríobh síos líon na ndaoine lenar roinn tú an pictiúr sa bhosca daite.*

*Anois, cuir an uimhir sin isteach i ngach ceann de na boscaí daite. Ina dhiaidh sin, déanfaidh gach duine a bhfuil an grianghraf feicthe acu an pictiúr a roinnt le gach duine dá gcuid cairde taobh istigh de 10 nóiméad. Ar mhaithe le meastachán a dhéanamh ar líon na ndaoine a bhfuil an pictiúr feicthe acu taobh istigh d'fhiche nóiméad, ba cheart duit an uimhir i mbosca amháin a iolrú faoin uimhir sa bhosca eile agus an freagra a chur isteach sa rannán Líon iomlán na ndaoine ansin.*

*Déan na suimeanna chun a fháil amach cé mhéad duine a mbeidh an pictiúr feicthe acu tar éis uair an chloig.*

| Tar éis… | Táthar tar éis an grianghraf a roinnt le … | Líon iomlán na ndaoine: |
|---|---|---|
| 10 nóiméad | □ | = |
| 20 nóiméad | □ x □ | = |
| 30 nóiméad | □ x □ x □ | = |
| 40 nóiméad | □ x □ x □ x □ | = |
| 50 nóiméad | □ x □ x □ x □ x □ | = |
| 1 uair | □ x □ x □ x □ x □ x □ | = |

# 05





# Ceacht 05:

## #UP2US: CÓD AR LÍNE A AONTÚ



**NÓTA DON MHÚINTEOIR:**

Beidh ort na grianghraif a glacadh sa rang roimhe seo a uaslódáil ar do ríomhaire agus iad a chur ar taispeáint sa rang seo.

### Croí-choincheap:

Is gá do na daltaí tuiscint shoiléir a bheith acu ar na cearta atá acu agus ar na freagrachtaí atá orthu maidir le hiompar bulaíochta sa seomra ranga. Chomh maith leis sin, is gá dóibh a bheith deimhin faoin dóigh a ndéileálfaidh an múinteoir ranga le fadhbanna den sórt sin. Cé gur ar mhúinteoirí atá an fhreagracht deiridh as iompar sa seomra ranga, agus cé nár cheart dóibh glacadh ar chor ar bith le hiompar bulaíochta, is éifeachtaí ról a thabhairt do na daltaí nuair a bhíonn treoirlínte frith-chibearbhulaíochta á bhforbairt ná rialacha a leagan síos go fánach.

### Toradh:

Cumfaidh daltaí treoirlínte maidir le grianghraif a ghlacadh agus a roinnt ar líne agus maidir le húsáid níos fearr a bhaint as an Idirlíon agus as teicneolaíocht i gcoitinne.

### Nasc curaclaim:

**Snáithe OSPS:** Mise agus daoine eile;
**Snáithaonad OSPS:** Mo chairde agus daoine eile

- an tslí ar féidir le daoine aonair déileáil le bulaíocht bheith á himirt orthu a iniúchadh agus a phlé, fios a bheith aige/aici go bhfuil bulaíocht á himirt ar dhaoine eile agus bheith ina b(h)ulaí

**Snáithe OSPS:** Mise agus an domhan mór
**Snáithaonad OSPS:** Oideachas na Meán Cumarsáide:

- roinnt teicníochtaí simplí craolacháin, léirithe agus cumarsáide a iniúchadh agus a úsáid.

### Naisc thraschuraclaim:

Tá nasc le Gaeilge nó le Béarla ann toisc go dtugann Gníomhaíocht 5.1 deis do na daltaí páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht scríbhneoireachta comhoibríche agus forbairt a dhéanamh ar an gcumas atá acu scríobh go neamhspleách.

**ACMHAINNÍ A THEASTAÍONN:**

Bileog Oibre 5.1: Ár gcód ar líne
Bileog Oibre 5.2: Ar cheart dom an grianghraf a roinnt nó a scriosadh?

### Obair fairsingithe:

Ríomhaire glúine/ríomhaire pearsanta
Rochtain ar shuíomh Idirlín/ar shuíomhanna meán sóisialta na scoile

**MODHEOLAÍOCHTAÍ:**

Anailís ar ghrianghraif, ransú smaointe, grúpobair, vótaíocht.

**MODH MIONSONRAITHE:**

## GNÍOMHAÍOCHT 5.1:

### Cláraigh le haghaidh Idirlíon níos fearr

- Iarr ar na daltaí amharc arís ar roinnt de na beochaintí atá san áireamh sa phaca oideachais seo. Agus iad ag obair ina ngrúpaí, ba cheart do na daltaí machnamh a dhéanamh ansin ar ar fhoghlaim siad sa chúpla ceacht seo a chuaigh thart.
- Iarr ar na grúpaí ansin roinnt treoirlínte a chumadh chun cabhrú le cibearbhulaíocht a chosc agus leis an bpobal a dhéanamh níos uilechuimsithí. D'fhéadfadh grúpaí éagsúla breithniú a dhéanamh ar úsáid a bhaint as fóin phóca, as táibléid, as ceamaraí, as gléasanna cluichíochta, as suíomhanna líonraithe shóisialta, etc.
- Tarraing aird na ndaltaí ar an bhfíric gur cheart do na treoirlínte sin cabhrú le taithí náireach nó cibearbhulaíochta ar líne a chosc.
- Tar éis do na grúpaí a moltaí a nótáil ar **Bhileog Oibre 5.1: Ár gcód ar líne** agus na moltaí sin a chur in iúl don rang ar fad, ba cheart don rang vótáil ar an méid ba cheart a chur san áireamh ina gcód maidir leis an Idirlíon agus fóin phóca a úsáid.
- Ba cheart an cód a thaifeadadh nuair a bheidh sé réidh.
- Ba cheart do gach duine an cód a shíniú ansin. Ba cheart do na daltaí cóipeanna den chód a thabhairt dá dtuismitheoirí agus iarraidh orthu an cód a phlé agus a shíniú freisin.
- Is dea-chleachtas é treoirlínte / rialacha / cearta agus freagrachtaí a chur ar taispeáint ar bhallaí an tseomra ranga – caith leo mar rialacha ríthábhachtacha nó mar 'chairt an tseomra ranga'.









## GNÍOMHAÍOCHT 5.2:

### Gabhadh thú (ar lean)

- Cé go mbeidh na daltaí ag obair go neamhspleách ina ngrúpaí chun a dtreoirlínte a chomhlánú i nGníomhaíocht 5.1, is dóigh go mbeidh ort Gníomhaíocht 5.2 a stiúradh.
- Tabhair deis do gach grúpa súil a chaitheamh ar na grianghraif a ghlac siad sa cheacht roimhe.
- Tar éis do na daltaí féachaint ar gach ceann de na grianghraif, ba cheart dóibh machnamh a dhéanamh ar na ceisteanna seo a leanas (atá san áireamh freisin i m**Bileog Oibre 5.2: Ar cheart dom an grianghraf a roinnt nó a scriosadh?**).

**Q An bhfuil ceann ar bith de na grianghraif greannmhar?**

**Q An bhfuil seans ann go mbeidh náire ar dhuine éigin faoi cheann ar bith de na grianghraif?**

**Q An bhfuil seans ann go dtarraingeoidh na grianghraif trioblóid ar dhuine?**

**Q An bhfuil sé ceart go leor leat má fheiceann do sheantuismitheoirí nó do dheirfiúr nó do dheartháir óg na grianghraif?**

**Q An bhfuil sé ceart go leor leat má roinntear na grianghraif go poiblí ar líne?**

**Q An bhfuil sé ceart go leor leat má roinneann duine éigin an grianghraf go poiblí am éigin amach anseo?**

- Má d'fhreagair na daltaí 'Tá' i gcás ceann ar bith de na ceisteanna thuas, d'fhéadfadh gur mhian leo smaoineamh faoin ngrianghraf a scriosadh sula roinnfear é.
- Ba cheart an t-am seo a úsáid freisin chun teagasc do na daltaí conas is féidir leo grianghraif gan iarraidh a scriosadh ó cheamara digiteach.


**GNÍOMHAÍOCHT FAIRSINGITHE TEICNEOLAÍOCHT A ÚSÁID:**

- Clóscríobh an cód le haghaidh úsáid an Idirlín agus fón póca.
- Uaslódáil é ar shuíomh Idirlín/ar shuíomhanna meán sóisialta na scoile.

## BILEOG OIBRE 5.1

# ÁR GCÓD AR LÍNE

*Scríobh síos roinnt treoirlínte maidir le húsáid an Idirlín agus na teicneolaíochta. Ba cheart do na treoirlínte sin cabhrú le cibearbhulaíocht a chosc agus leis an bpobal a athrú chun feabhais.*





## BILEOG OIBRE 5.2

# AR CHEART DOM AN GRIANGHRAF A ROINNT NÓ A SCRIOSADH?

*Cabhróidh an seicliosta leat a chinneadh cé acu ba cheart nó nár cheart grianghraf a roinnt ar líne. Breathnaigh ar na grianghraif a ghlac tú sa cheacht roimhe seo agus freagair na ceisteanna seo a leanas. Má fhreagraíonn tú 'Tá' i gcás ceann ar bith de na ceisteanna, smaoinigh faoi ghrianghraif áirithe a scriosadh sula roinnfear iad.*

| | Tá | Níl |
|---|---|---|
| An bhfuil ceann ar bith de na grianghraif greannmhar? | | |
| An bhfuil seans ann go mbeidh náire ar dhuine éigin faoi cheann ar bith de na grianghraif? | | |
| An bhfuil seans ann go dtarraingeoidh na grianghraif trioblóid ar dhuine? | | |
| An bhfuil sé ceart go leor leat má fheiceann do sheantuismitheoirí nó do dheirfiúr nó do dheartháir óg na grianghraif? | | |
| An bhfuil sé ceart go leor leat má roinntear na grianghraif go poiblí ar líne? | | |
| An bhfuil sé ceart go leor leat má roinneann duine éigin an grianghraf go poiblí am éigin amach anseo? | | |



## LÁ NA SÁBHÁILTEACHTA IDIRLÍN

Eagraítear Lá na Sábháilteachta Idirlín i mí Feabhra gach bliain ar mhaithe le leanaí agus le daoine óga ar fud an domhain a spreagadh le húsáid níos sábháilte agus níos freagraí a bhaint as an teicneolaíocht ar líne agus as fóin phóca. Glacann níos mó ná 76 tír i ngach cearn den domhan páirt ann.

Is é an príomhchuspóir atá le Lá na Sábháilteachta Idirlín na páirtithe leasmhara ábhartha a thabhairt le chéile ar mhaithe le leanaí a spreagadh le húsáid níos sábháilte agus níos éifeachtaí a bhaint as an Idirlíon.

Ceiliúrfar Lá na Sábháilteachta Idirlín 2015 Dé Máirt, an 10 Feabhra 2015. Mar thoradh ar an rath a bhí ar an bhfeachtas anuraidh, bainfear leas as an téama, "Cruthóimid Idirlíon níos fearr le chéile" arís i mbliana.

Trí Lá na Sábháilteachta Idirlín a cheiliúradh i do scoil, cabhrófar go mór le haird a tharraingt ar dhearcadh na scoile nach nglacfar ar chor ar bith le hiompar bulaíochta. Ag an am céanna, cuirfear dearcthaí dearfacha ar nós comhair, cairdis agus cóimheasa chun cinn ar fud na gcaidreamh ar fad i bpobal na scoile. Cuimsíonn an obair sin an curaclam ar fad agus tugann sí ról don mhórphobal tuismitheoirí freisin.

Má reáchtáiltear an lá go maith, is féidir leis an scoil an-tairbhe a bhaint as ó thaobh spleodair agus spraoi de. Níos tábhachtaí fós, is féidir leis an lá feabhas a chur ar an atmaisféar agus ar an éiteas laistigh den scoil agus a thaispeáint go soiléir don fhoireann ar fad agus do na daltaí agus do na tuismitheoirí go léir go bhfuil an scoil ag cur go gníomhach in aghaidh cibearbhulaíochta, nach nglacfar ar chor ar bith le cibearbhulaíocht, go bhfuil sé ceart go leor labhairt faoi bhulaíocht agus go dtabharfar cabhair do dhaoine a ndéantar bulaíocht orthu.

Chuireamar pacaí le chéile do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna araon, pacaí ina bhfuil cuid mhór dea-smaointe a chabhróidh le scoileanna páirt a ghlacadh i Lá na Sábháilteachta Idirlín. Is féidir na pacaí sin a fháil ar an suíomh Idirlín www.saferinternetday.ie. Ar shuíomh Idirlín Lá na Sábháilteachta Idirlín, taispeántar roinnt de na gníomhaíochtaí agus de na himeachtaí spleodracha a reáchtáladh in Éirinn chun an lá a cheiliúradh roimhe seo agus tugtar acmhainní is féidir leat a úsáid ar scoil.



## ÁR N-ACMHAINNÍ EILE

D'oibrigh tionscadail roimhe seo a bhí á gcómhaoiniú ag an Roinn Oideachais agus Scileanna agus sraith de Chláir AE um Idirlíon níos Sábháilte le comhlachtaí forfheidhmithe curaclaim (amhail an tseirbhís tacaíochta OSPS) ar mhaithe le forbairt a dhéanamh ar shraith acmhainní is féidir a úsáid chun scileanna Idirlín a theagasc agus atá oiriúnach do gach céim ábhartha d'fhorbairt chognaíoch agus d'úsáid teicneolaíochta.

Ba iad an tIonad Náisiúnta don Teicneolaíocht san Oideachas (NCTE) a bhí ann roimhe seo agus atá mar chuid den tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí anois agus an Chomhairle um Chearta an Duine a d'fhorbair **Think Before You Click** i gcomhpháirt lena chéile ar mhaithe lena úsáid ar churaclam OSSP an Teastais Shóisearaigh. Déanann an clár iniúchadh ar shaincheisteanna príobháideachais ar líne agus tugann sé spreagadh do dhaoine óga bearta a dhéanamh chun a bpríobháideachas féin, agus príobháideachas a gcuid cairde scoile, a chosaint.

Treoraíonn an mhodheolaíocht a úsáidtear san acmhainn seo daltaí trí na saincheisteanna seo trí mhodhanna foghlama gníomhaíche a úsáid chun plé a spreagadh. A bhuí leis na cineálacha cuir chuige agus leis na modhanna teagaisc sin, bíonn deis ag daltaí machnamh a dhéanamh ar an dóigh a dtéann na saincheisteanna seo i bhfeidhm orthu go pearsanta, ar an dóigh lena gcearta ar líne a léiriú, agus ar an dóigh le meas a léiriú ar chearta a bpiaraí. Cuimsítear san acmhainn 10 gceacht, an bhileog faisnéise agus chomhairle, Bí Aireach faoi do Spás, smaointe i gcomhair tionscadail ghníomhaíochta, agus leagan den Choinbhinsiún um Chearta an Linbh de chuid na Náisiún Aontaithe atá éasca le húsáid.

Agus é ag obair le Seirbhís Tacaíochta Oideachais Shóisialta, Phearsanta agus Sláinte (OSPS), chruthaigh an NCTE **BE SAFE_BE WEBWISE**, an clár foghlama agus teagaisc faoi Shábháilteacht Idirlín. Ba é ab aidhm don chlár sin, an chéad chlár oideachais dá leithéid san Eoraip, aghaidh a thabhairt ar riachtanais sábháilteachta phearsanta ár ndaoine óga agus iad ar líne agus chun cabhrú leo a bheith ina n-úsáideoirí sábháilte agus freagracha Idirlín ar feadh a saoil. Rinneadh na hacmhainní foghlama a chomhtháthú in oiliúint inseirbhíse OSPS. Cuireadh cúrsa inseirbhíse aon lae ar shábháilteacht Idirlín ar fáil d'Iar-bhunscoileanna i ngach ceann de na deich réigiún teagaisc OSPS.

Ba iad an NCTE agus Bí Sábháilte, an Clár um Chosc ar Mhí-Úsáid Páistí, a d'fhorbair **Clár Bunscoile Webwise** chun cabhair a thabhairt d'oideachasóirí, agus chun tacú leo, agus daltaí á múineadh acu faoin gcaoi a n-úsáidtear an tIdirlíon ar shlí shábháilte agus fhreagrach. Is féidir é a úsáid chun cuid den churaclam OSPS a theagasc i mbunscoileanna do leanaí idir 8 mbliana d'aois agus 12 bhliain d'aois. Pléitear go sonrach ann le cuspóirí meán an churaclaim OSPS, ar cuspóirí iad nár cuimsíodh roimhe faoi acmhainní Bí Sábháilte, Walk Tall ná OSG.

Acmhainn do mhúinteoirí agus do dhaltaí na Sraithe Sóisearaí OSPS is ea an **Paca Uirlisí Frithbhulaíochta #Up2Us**. Rinne Ruairí Quinn, an tAire Oideachais ag an am, é a sheoladh ar Lá na Sábháilteachta Idirlín 2014. Is é aidhm na n-uirlisí ná an chumhacht a thabhairt do dhaltaí iar-bhunscoile dul i ngleic leis an mbulaíocht, an cibearbhulaíocht ach go háirithe, ina bpobail áitiúla.

Áirítear san acmhainn an Lámhleabhar do Mhúinteoirí #Up2Us a bhfuil ceachtanna ann a chlúdaíonn rannóg frithbhulaíochta chúrsa nua na Sraithe Sóisearaí OSPS. Féachann na ceachtanna le hidirphlé a dhéanamh le daltaí ar an gcibearbhulaíocht trí úsáid a bhaint as modhanna gníomhacha tarraingteacha agus as faisnéis atá cothrom chun dáta agus ábhartha. Trí phlé agus trí ghníomhaíochtaí i ngrúpaí beaga, cuireann an clár seo gníomh agus iompar dearfach chun cinn a chabhróidh le daltaí timpeallacht frith-chibearbhulaíochta a chruthú ar fud na scoile agus sa domhan mór.

An dara cuid den Phaca Uirlisí Frithbhulaíochta #Up2Us is ea an ghníomhaíocht déanta póstaeir a ligeann do dhaltaí dul i ngleic leis an gcibearbhulaíocht go hidirghníomhach.

D'oibríomar le **Clár Scoileanna na nGardaí** chun ábhar cibearbhulaíochta a chomhtháthú sa chlár cuimsitheach oideachais atá acu. Aithníonn an clár na dúshláin atá roimh leanaí agus roimh dhaoine óga i sochaí an lae inniu, go háirithe agus teicneolaíochtaí nua á n-úsáid acu. Is é aidhm an mhodúil aire agus meas ar dhaoine eile, ar líne agus ar an nguthán póca, a chothú agus scileanna a thabhairt do leanaí sa chaoi go ndéileálfaidh siad go héifeachtach leis an gcibearbhulaíocht. Féachann sé le scileanna sóisialta amhail cumarsáid, comhar agus réiteach coimhlinte a fhorbairt agus a fheabhsú.

**Tionscnamh sábháilteacht Idirlín a dhíríonn go díreach ar dhaoine óga is ea Bí Aireach faoi do Spás**. Tá an tionscnamh á reáchtáil ag Webwise, tionscnamh sábháilteacht Idirlín SFGM – Teicneolaíocht san Oideachas. Le himeacht ama, déanaimid níos lú agus níos lú maoirseachta agus monatóireachta ar leanaí toisc go measaimid go mbíonn siad níos ábalta i gcónaí rioscaí a aithint agus a bhainistiú. Feachtas margaíochta sóisialta a dhíríonn ar leanaí níos sine is ea Bí Aireach faoi do Spás. Seolann sé teachtaireachtaí uileghabhálacha agus teachtaireachtaí spriocdhírithe araon trí raon leathan meán, lena n-áirítear na meáin shóisialta agus na meáin chraolta, agus tugann sé ról do na leanaí agus do na daoine óga féin. Cuirtear príomhtheachtaireachtaí an fheachtais in oiriúint chun freastal ar thosaíochtaí náisiúnta agus ar rioscaí atá ag teacht chun cinn. Tá an feachtas reatha ag díriú ar chibearbhulaíocht.

Is féidir teacht ar gach acmhainn teagaisc de chuid Webwise ag www.webwise.ie/ga/muinteoiri/faigh-acmhainni



## #UP2US: LEIDEANNA LE HAGHAIDH IDIRLÍON NÍOS FEARR LE CHÉILE

Is é an aidhm atá againn go léir ár saol féin agus an domhan timpeall orainn a chur chun feabhais. I gcás cibearbhulaíochta, áfach, is iomaí duine a fheiceann í ach is beag duine a dhéanann rud ar bith fúithi. Níl sárchumhachtaí ag teastáil uainn chun difear a dhéanamh; is leor bearta beaga ó chuid mhaith gnáthdhaoine.
Má fheiceann tú bulaíocht ar an Idirlíon, ná déan neamhaird di. Déan beart nó faigh cabhair! Fúinne atá sé!

Seo a leanas roinnt nithe is féidir leat a dhéanamh:

1. Téigh i dteagmháil le duine má tá a fhios agat go bhfuil bulaíocht á déanamh air. Uaireanta, ní gá duit ach teachtaireacht bheag tacaíochta a thabhairt dó, 'is maith liom' a chur in iúl dó nó gáire a dhéanamh leis chun dóchas a thabhairt do dhuine a bhfuil uaigneas air.
2. Déan duine atá ar leithlis a tharraingt isteach i ngníomhaíochtaí. Tabhair cuireadh dó suí in aice leat ag am lóin, tarraing isteach i gcomhrá é, inis scéalta greannmhara dó.
3. Taispeáin go soiléir go measann tú nár cheart glacadh ar chor ar bith le hiompar bulaíochta agus nach gnáthchuid de shaol an duine óig é. Bealach simplí leis sin a léiriú is ea teachtaireachtaí frithbhulaíochta ar líonraí sóisialta a roinnt nó 'is maith liom' a chur leo. D'fhéadfá dul níos faide agus do theachtaireachtaí féin a chumadh.
4. Abair 'Ná déan' nó 'Stop' má fheiceann tú go bhfuil iompar duine éagórach. Teastaíonn misneach chun seasamh in aghaidh na bulaíochta. Mar sin féin, is ionann gan seasamh in aghaidh na bulaíochta agus cead a thabhairt don bhulaí.
5. Má cheapann tú go mbeidh tú i mbaol nó go mbeidh tú ar an gcéad íospartach eile mar gheall gur sheas tú in aghaidh na bulaíochta, iarr ar dhuine fásta cabhair a thabhairt. Seans nach mbeidh tú in ann é a réiteach gan thú féin a chur i mbaol i ngach cás, ach is féidir leat an rud ceart a dhéanamh i gcónaí – is é sin, cabhair a fháil. Tarlaíonn sé i bhformhór na gcásanna go dtosaítear ag dul i ngleic leis an mbulaíocht a luaithe is a chuirtear in iúl do thuismitheoir nó do mhúinteoir í.
6. Tuairiscigh í. Tá modhanna chun teagmhais bhulaíochta a thuairisciú i bhfeidhm sna scoileanna agus sna clubanna maithe go léir. Faigh amach cad iad na modhanna sin agus bain úsáid astu. Is féidir leat cliceáil ar na cnaipí 'report abuse' ar shuíomhanna Idirlín ar nós Facebook agus Twitter freisin. Ní mór dóibh go léir aird a thabhairt ar thuairiscí a agus cuimhnigh nach nochtfaidh siad aitheantas an duine a thugann an tuairisc in am ar bith.
7. Is cuma cé chomh feargach agus atá tú, ná déan bulaíocht ar an mbulaí. Níor cheart duit glacadh le bulaíocht in aon chás, ach ná téigh thar fóir – ná déan bulaíocht ar an mbulaí. Tá sé ceart go leor a chur in iúl gur cheart deireadh a chur leis an mbulaíocht. Níl sé ceart go leor teachtaireachtaí maslacha a sheoladh mar dhíoltas. Dá bharr sin, beidh sé níos deacra cabhair a fháil ón scoil. D'fhéadfadh go gcuirfí pionós ort féin fiú.

# GLUAIS

**aip**: Is é is aip (feidhmchlár) ann ná clár bogearraí. Tagraíonn aip de ghnáth do bhogearraí a úsáidtear ar fhóin chliste, ar tháibléid nó ar ghairis shoghluaiste eile. Úsáidtear na téarmaí 'aip gréasáin' nó 'aip ar líne' go minic i dtimpeallacht ghnó chun cur síos a dhéanamh ar bhogearraí ar féidir leat a úsáid agus a rochtain agus tú ar an Idirlíon. Is iondúil go mbíonn aipeanna ar fáil trí ardáin seachadta feidhmchláir a fheidhmíonn úinéir an chórais feidhmithe soghluaiste, cosúil le Apple App Store, Google Play, Windows Phone Store agus Blackberry App World. Tá roinnt aipeanna saor in aisce agus caithfear roinnt eile a cheannach.

**Ask.fm**: Is suíomh gréasáin líonraithe shóisialta é Ask.fm inar féidir le húsáideoirí ceisteanna a chur ar a chéile, agus rogha neamhainmníochta acu. Bhí baint ag an suíomh gréasáin le roinnt cásanna cibearbhulaíochta a raibh an-chaint fúthu in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe.

**AUP**: Is comhaontú scríofa é Polasaí Úsáide Inghlactha (AUP) nach mór don úsáideoir comhaontú leis chun rochtain a fháil ar ghréasán (gréasán scoile mar shampla). D'fhéadfadh an chaoi ar féidir gléasanna eile cumarsáide, ar nós fóin phóca agus ceamaraí digiteacha, a úsáid ar áitreabh na scoile a bheith i gceist chomh maith. Go ginearálta, déanann daltaí, a dtuismitheoirí agus a múinteoirí an Polasaí Úsáide Inghlactha a shíniú. Tugtar cuntas ann ar na téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le húsáid inghlactha teicneolaíochtaí faisnéise agus chumarsáide.

**bac**: Is bealach é bac a chur ar dhuine chun idirghníomhaíochtaí gréasáin sóisialta a stopadh leis an duine sin. Tá bacadh úsáideach chun turscar a sheachaint agus chun cosc a chur ar dhaoine cur as duit nó bheith do do chiapadh ar líne. Cé nach ndeirtear láithreach le daoine a gcuireann tú 'bac' orthu nach féidir leo do phróifíl ar líne a fheiceáil ná idirghníomhú leat, tig leo a fháil amach go héasca go bhfuil bac orthu nuair nach féidir leo idirghníomhú leat. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach na hiarmhairtí a bheadh ag bac a chur ar dhuine ar líne do ghnáth-idirghníomhaíochtaí leis an duine a chur san áireamh. Is féidir bac a chur ar dhuine ó idirghníomhú leat ar roinnt fóin phóca chomh maith.

**féachadóirí**: Is iad na féachadóirí na daoine a fheiceann an bhulaíocht – ní déantóirí ná íospartaigh na bulaíochta iad. Is éard a bhíonn i gceist le **neamhghníomh an tslua** ná dá mhéad daoine a fheiceann rud éigin ar bun is ea is lú seans go ndéanfaidh daoine aonair rud éigin faoi.

**seomra comhrá**: Is ionad Idirlín é seomra comhrá inar féidir le daoine labhairt le chéile i bhfíor-am. Is é sin, nuair a chlóscríobhann tú an comhrá feiceann an duine eile láithreach é agus is féidir leo freagra a thabhairt air láithreach.

**dí-urchoilleadh**: Is easpa srianta atá i ndí-urchoilleadh a tharlaíonn nuair nach bhfeiceann daoine na drochiarmhairtí a bhaineann le hiompar bulaíochta ar líne go díreach. Ní bhraitheann daoine a chuireann teachtaireachtaí ar an Idirlíon chomh freagrach as a gcuid gníomhartha ná focal ar líne agus a bhraithfidís ar shlí eile.

**straoiseog**: Is léiriú ar ghothaí gnúise iad straoiseoga cosúil le miongháire nó grainc, a chruthaítear trí mheascáin de charachtair mhéarchláir. Is iondúil go n-úsáidtear straoiseoga i gcumarsáid leictreonach chun mothúcháin nó tuin an scríbhneora a chur in iúl.

**Facebook**: Is seirbhís líonra shóisialta ar líne é Facebook. I mí an Mhárta 2013, bhí 1.15 billiún úsáideoir gníomhach ag Facebook, agus é ar an líonra sóisialta is mó ar domhan. Tá a leathanach próifíle nó balla féin ag gach úsáideoir Facebook trínar féidir leo cumarsáid a dhéanamh go poiblí nó le cairde a roghnaíonn siad féin. Tá seirbhís teachtaireachta phríobháideach ag Facebook chomh maith. Spreagann Facebook úsáideoirí chun na rudaí a thaitníonn agus nach dtaitníonn leo a shonrú. Le déanaí, úsáideadh an fhaisnéis seo i gcomhair fógraíocht dhírithe ar Facebook.

**bladhm**: Trácht gránna a dhéanamh agus tú ag caint ar líne.

**féigniú**: Is é is féigniú ann próifíl agus stádas duine éigin ar Facebook a athrú gan cead ón duine sin. Tarlaíonn féigniú go minic nuair a fhágann duine a chuntas Facebook logáilte isteach, agus bíonn sé leochaileach agus oscailte do mhí-úsáid dá bharr.



**grúpa**: Is é is grúpa ar líonra sóisialta, grúpa daoine a bhfuil suim acu sa rud céanna. Is féidir grúpaí a dhéanamh poiblí ionas gur féidir le húsáideoirí an líonra shóisialta bualadh le daoine nua a bhfuil suim acu sa rud céanna nó tig leo a bheith príobháideach do ghrúpa áirithe daoine. Féadfaidh daoine idirghníomhú i ngrúpaí le daoine nach bhfuil aithne acu orthu nó le daoine ar chuir siad bac orthu breathnú ar a líonraí sóisialta.

**happy slapping**: Úsáidtear an téarma míthreorach seo chun cur síos a dhéanamh ar ionsaí a dhéantar ar dhuine fad agus atá an t-ionsaí á thaifeadadh ag duine eile, ar ghuthán póca de ghnáth. Déantar gearrthóga físe d'ionsaithe dá leithéid a phostáil ar an Idirlíon uaireanta.

**haischlib**: Is focal nó frása atá i haischlib a bhfuil hais (#) roimhe, a úsáidtear ar shuíomhanna líonraithe shóisialta (Twitter den chuid is mó) chun teachtaireachtaí ar ábhar ar leith a aithint. Mura bhfuil teachtaireachtaí cosanta nó príobháideach, tig le duine ar bith a bhfuil an haischlib á leanúint acu na rudaí a scríobhann úsáideoirí eile faoin haischlib sin a fheiceáil. Spreagann an haischlib díospóireachtaí suimiúla i measc réimse leathan daoine ach nochtann sé úsáideoirí do thuairimí gránna strainséirí freisin.

**ciapadh**: Is cion coiriúil atá i gciapadh a tharlaíonn nuair a dhéanann duine ciapadh ar dhuine eile, gan údarás dlíthiúil, trí chur isteach air, imdhruid air nó cumarsáid a dhéanamh leis go leanúnach. Meastar go mbíonn duine á chiapadh i gcásanna ina gcuireann duine eile isteach go mór ar shíocháin agus ar phríobháideachas an duine sin nó i gcásanna ina scanraíonn duine eile an duine sin, ina ngoilleann duine eile ar an duine sin nó ina ndéanann duine eile dochar ar an duine sin. Baineadh úsáid as an reachtaíocht seo chun daoine a ionchúiseamh i gcásanna a bhain le ciapadh teileafóin agus le stalcaireacht agus ciapadh a rinneadh ar an idirlíon.

**Instagram**: Is seirbhís roinnte grianghraf agus físeán ar líne agus líonra sóisialta é Instagram. Tá sé faoi úinéireacht Facebook anois agus ceadaíonn Instagram d'úsáideoirí scagairí a chur ar ghrianghraif agus ar fhíseáin agus an t-ábhar a roinnt ar réimse suíomhanna líonraithe shóisialta.

**aip teachtaireachtaí meandracha**: Ceadaíonn feidhmchlár teachtaireachtaí meandracha d'úsáideoirí téacsanna a sheoladh i bhfíor-am tríd an Idirlíon. Nuair a úsáidtear na feidhmchláir seo ar fhón póca, úsáidtear in áit gnáth-theachtaireachtaí téacs iad go minic toisc go bhfuil siad níos saoire.

**is maith liom**: Má chuireann tú in iúl ar Facebook gur maith leat ábhar is ionann sin agus an t-ábhar a fhaomhadh nó tacú leis. Tá uirlis den chineál céanna ag formhór na suíomhanna líonraithe shóisialta a cheadaíonn d'úsáideoirí ábhar a mholadh go fíorúil (ar Twitter tig leat a rá gur 'favourite' de do chuid í tvuít áirithe). D'fhéadfaí an t-ábhar a fheiceáil ar amlíne agus ar fhotha nuachta duine má chuirtear in iúl gur 'maith' leat é agus dá bhrí sin feicfidh cairde agus leantóirí nó an pobal i gcoitinne é. Chuige seo, d'fhéadfaí a mheas, i gcásanna áirithe, gur cibearbhulaíocht atá ann más 'maith' leat ábhar bagrach.

**Aip teachtaireachtaí grianghraif nó pictiúir**: Féadann úsáideoirí teachtaireachtaí pictiúir a sheoladh i bhfíor-am tríd an Idirlíon ar fheidhmchlár teachtaireachtaí grianghraif nó pictiúir.

**príobháideach**: Is é príobháideach an téarma a úsáidtear le cur síos a dhéanamh ar idirghníomhaíochtaí nó teachtaireachtaí ar líonra sóisialta nach gcraoltar don phobal i gcoitinne nó chuig grúpaí móra. Is féidir teachtaireacht phríobháideach a sheoladh ó úsáideoir amháin go húsáideoir eile nuair is mian leo comhrá níos príobháidí a bheith acu nó nuair atá ábhar níos íogaire ina dteachtaireachtaí. Tig le húsáideoir líonra shóisialta a bpróifíl nó ábhar ar leith a dhéanamh príobháideach. Ceadaíonn an ghné seo don úsáideoir smacht éigin a bheith acu ar na daoine a fheiceann a bpróifíl nó ábhar.

**próifíl**: Faisnéis phearsanta atá i gceist anseo a phostálann tú ar do leathanach líonraithe shóisialta. Áirítear leis sin do chuid sonraí, na rudaí a thaitníonn agus nach dtaitníonn leat, mar aon le rudaí a gcuireann tú spéis iontu.

**tuairisciú**: Nuair a thagann úsáideoirí ar ábhar neamhdhleathach, maslach nó míchuí ar shuíomh líonraithe shóisialta, ba cheart dóibh leas a bhaint as na próisis tuairiscithe drochíde chun an t-ábhar a chur in iúl don suíomh líonraithe shóisialta. Athbhreithníonn modhnóirí an tsuímh gréasáin faoi chaibidil an t-ábhar ansin i bhfianaise na tuairisce agus baineann siad ábhar ar bith a sháraíonn a mbeartais den suíomh. Ba cheart cibearbhulaíocht ar bith a fheictear ar shuíomh gréasáin líonraithe shóisialta a thuairisciú don suíomh gréasáin sin.

**gabháil scáileáin**: Is é is gabháil scáileáin ann, pictiúr a ghlacann úsáideoir ríomhaire, gutháin nó táibléid chun na nithe atá ar an scáileán a thaifeadadh. Úsáidtear gabháil scáileáin go minic chun clár ríomhaireachta a léiriú nó chun fadhb theicniúil ar leith atá ag duine a mhíniú. Is féidir gabháil scáileáin a úsáid chomh maith chun fianaise ar chibearbhulaíocht a thaifeadadh. Ba cheart go mbeadh daltaí ar an eolas gur féidir gabháil scáileáin a úsáid chun aon ghrianghraf nó teachtaireacht inchoiritheach ar mian leo a scriosfadh a thaifeadadh nó a chóipeáil.

**féinphic**: Is é is féinphic, cineál grianghraif díot féin, a thógtar de ghnáth le ceamara digiteach nó le guthán le ceamara.

**gnéastéacsáil**: Is é is gnéastéacsáil teachtaireachtaí agus grianghraif gháirsiúla a sheoladh, le fón póca de ghnáth.

**roinnt**: Is é atá i roinnt ar líonra sóisialta, ábhar a tháirgeann nó a sheachadann úsáideoir eile ar líonra sóisialta a roinnt le cairde nó leantóirí líonra shóisialta. Méadaíonn roinnt go mór an líon daoine a fheiceann an t-ábhar.

**Skype**: Is clár nó feidhmchlár ar líne é seo a úsáidtear chun glao gutha agus físe saor in aisce a chur ar an Idirlíon ar dhaoine a bhfuil Skype acu freisin. Tá Skype saor in aisce, éasca le híoslódáil agus le húsáid. Úsáideadh é, áfach, chun íospartach a thaifeadadh agus dúmhál a dhéanamh orthu i roinnt cásanna cibearbhulaíochta.

**fón cliste**: Is fón póca an fón cliste atá in ann go leor d'fheidhmeanna an ríomhaire a chomhlíonadh. Go hiondúil bíonn scáileán mór ar fhón cliste agus córas feidhmithe atá in ann feidhmchláir ilfheidhmeacha a rith.

**Snapchat**: Is é is Snapchat ann ná feidhmchlár a úsáidtear chun grianghraif, físeáin, téacs agus líníochtaí a roinnt. Tá gné amháin a fhágann go bhfuil Snapchat éagsúil le cineálacha eile téacsála agus roinnte grianghraf: féinscriosann nó téann na teachtaireachtaí as radharc ó fhón an fhaighteora tar éis cúpla soicind.

**Snap Save**: Feidhmchlár atá i Snap Save a cheadaíonn d'úsáideoirí 'snaps' (teachtaireachtaí Snapchat) a shábháil gan é a chur in iúl don seoltóir. Seoltar na grianghraif ag súil gur teachtaireachtaí príobháideacha iad nach mairfidh ach roinnt soicindí. D'fhéadfaí Snap Save a úsáid chun an t-ábhar a sheoltar a úsáid in aghaidh an duine a sheolann é.

**líonrú sóisialta**: Is é is líonrú sóisialta ceangal, cumarsáid agus comhoibriú le daoine eile ar an Idirlíon trí phobail ar líne. Is áiteanna iad na láithreáin líonraithe shóisialta inar féidir le daoine a bheith cruthaitheach agus tuairimí a léiriú. Forbraítear iad de réir mar a thugann baill tosaigh cuireadh dá gcairde a bheith páirteach iontu chomh maith. Ní mór do dhaltaí a bheith cúramach agus iad ag soláthar faisnéis phearsanta ar láithreáin líonraithe shóisialta.

**clibeáil**: Is eochairfhocal atá i gclib a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar alt nó ar shuíomh gréasáin. I gcomhthéacs an líonraithe shóisialta, is nasc speisialta atá i gclib. Nuair a dhéanann tú clibeáil ar dhuine, cruthaíonn tú nasc lena bpróifíl líonraithe shóisialta. Mar shampla, tig leat grianghraf a chlibeáil chun na daoine atá sa ghrianghraf a léiriú nó teachtaireacht a phostáil agus a rá cé atá i do theannta. Má chlibeálann tú duine i do stádas nua, tig le duine ar bith a fheiceann an stádas sin cliceáil ar ainm do charad agus dul chuig próifíl do charad. Mar sin má chlibeáiltear grianghraf d'fhéadfadh daoine gan iarraidh a bheith ag breathnú ar phróifíl do charad nó d'fhéadfaí grianghraif a thaispeáint go poiblí nó go míchuí nach mian le do chara a roinnt.



**troll**: Is é is troll ann úsáideoir ar chlár teachtaireachtaí, ar líonra sóisialta nó ar rannóg tuairimí Idirlín a bhíonn gríosaitheach d'aon turas. Bíonn an troll ag cur isteach ar na húsáideoirí eile agus ag cur fearg orthu trí theachtaireachtaí gríosaitheacha, coimhthíocha nó nach mbaineann le hábhar a phostáil i bpobal ar líne, agus go hiondúil bíonn sé mar aidhm ag an troll léitheoirí a spreagadh le freagra mothúchánach a thabhairt nó cur isteach ar ghnáth-chomhráite.

**Tumblr**: Is meascán de shuíomh líonraithe shóisialta agus de bhlag atá i Tumblr. Deirtear go minic gur 'micreabhlag' é mar go bpostálann daoine sleachta gairide téacs agus grianghraif a thógann siad go tapa de ghnáth in ionad na n-iontrálacha níos faide atá cosúil le dialann a fhaightear i mblaganna níos traidisiúnta. Is ábhar amhairc go leor den ábhar a chuirtear ar Tumblr.

**Twitter**: Is suíomh micreabhlagála, líonraithe shóisialta atá i Twitter. Déanann daoine nasc lena chéile trí fhothaí Twitter daoine eile a leanúint. Nuair a roghnaíonn tú fotha a leanúint, beidh rud ar bith a deir duine nó eagraíocht le feiceáil ar d'amlíne. Is éard atá uathúil faoi Twitter ná go mbíonn teorainn ar úsáideoirí teachtaireachtaí nó 'tvuíteanna' de 140 carachtar nó níos lú a phostáil. Tá na teachtaireachtaí seo láithreach; laistigh de chúpla soicind, is féidir le tvuít an domhan mór a chur ar an eolas faoi thubaistí. Go bunúsach, is cineál téacsála é Twitter. Ach in áit an téacs sin a chur chuig duine amháin, ligeann Twitter d'úsáideoirí a dteachtaireacht a chraoladh ar fud an tsuímh ar fad.

**mearscaipthe**: Deirtear go bhfuil ábhar (grianghraf, físeán nó píosa faisnéise de ghnáth) mearscaipthe nuair a scaiptear go tapa agus go forleathan é ó úsáideoir Idirlín amháin go ceann eile.

**WhatsApp**: Is líonra sóisialta dúnta agus feidhmchlár teachtaireachtaí a bhfuil an-éileamh air d'fhóin phóca é WhatsApp.

**YouTube**: Is suíomh gréasáin saor in aisce é YouTube, a bhfuil éileamh mór air. Is féidir le húsáideoirí gearrthóga físeáin a uaslódáil, a fheiceáil nó a roinnt air. Cé gur féidir le luach oideachasúil mór a bheith le YouTube, tá cáil ar na rannóga tuairimí ó thaobh mí-úsáide agus cibearbhulaíochta de.